# Cur chuige príomhinniúlachta a chur chun feidhme sa churaclam

## Ceachtanna a foghlaimíodh ó dhlínsí eile

**Carol McGuinness**

**Ollscoil na Ríona, Béal Feirste**

c.mcguinness@qub.ac.uk

**Nollaig 2023**

**Tuarascáil bhreise don phríomhthuarascáil maidir le**

***Inniúlachtaí an Scoláire i Sraith Shinsearach Athfhorbartha*** **(Aibreán 2023)**

# Clár an Ábhair

Leathanach

**1. Cuspóir, raon agus struchtúr na tuarascála 3**

**2. Dearcthaí beartais ginearálta: Ceachtanna agus moltaí 6**

**2.1 Barúlacha ginearálta 6**
**2.2 Moltaí sonracha 7**

**3. Cur chun feidhme: Trí chás-staidéar 9**

**3.1 An Nua-Shéalainn 9**
**3.2 Albain 16**
**3.3 British Columbia, Ceanada 24**

**4. Saincheisteanna do lucht ceaptha curaclaim agus d'fhorbróirí curaclaim 30**

**4.1 Réamhbharúlacha 30**
**4.2 Príomhinniúlachtaí a shuí i gcuraclam 31**
**4.3 Forbairt agus cur in iúl an churaclaim le haghaidh scoileanna 34**
**4.4 Ailíniú curaclaim 37**

**5. Achoimre agus machnaimh ghinearálta maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh 39**

**6. Tagairtí 43**

## 1. Cuspóir, raon agus struchtúr na tuarascála

Is tuarascáil bhreise í seo agus comhlánaítear léi an phríomhthuarascáil ar *Inniúlachtaí an Scoláire i Sraith Shinsearach Athfhorbartha* (McGuinness, 2023), a foilsíodh in Aibreán, 2023. Ar mhaithe le háisiúlacht agus chun athrá a sheachaint, tagrófar don tuarascáil thuas mar an Phríomhthuarascáil.

Tá sé d'aidhm ag an tuarascáil reatha príomhtheachtaireachtaí ón litríocht taighde agus ó thaithí dlínsí eile a aithint agus príomhinniúlachtaí á dtabhairt isteach i gcuraclam agus béim a leagan ar na ceachtanna a foghlaimíodh. Cé go leagtar béim ar fhoghlaim bheartais ó dhlínsí eile sa tuarascáil seo, ba mhaith liom a chur i dtábhacht, fiú ag an gcéim luath seo, go gceaptar, go n-athcheaptar, go n-athfhorbraítear nó go leasaítear curaclaim i gcomhthéacsanna sonracha oideachasúla, cultúrtha, stairiúla, agus beartais. Sa bhealach sin, tá siad uathúil – ach féadfaidh lucht ceaptha beartas foghlaim ó dhaoine eile fós. Leis sin, tá cuid mhaith taithí agus bonn fianaise taighde atá ag méadú ag córas scoile na hÉireann (agus ag CNCM), maidir le spriocanna foghlama níos leithne a thabhairt isteach i gcuraclaim, trí thionscnaimh a rinneadh cheana a tuairiscíodh i dtuarascálacha meastóireachta ó Phríomhscileanna na Sraithe Sinsearaí (CNCM, 2008, 2009, 2010), na tuarascálacha taighde fadama maidir leis an gCreat don tSraith Shóisearach ina gcuimsítear plé ar phríomhscileanna (McGarr et al, 2022, 2023) agus an coincheapadh níos déanaí maidir le Príomhinniúlachtaí i gCuraclam na Bunscoile (Walsh, 2023). Aithnítear an taithí sin in athbhreithnithe idirnáisiúnta ina dtagraítear d'Éirinn roinnt uaireanta mar chás-staidéar.

Cúpla focal mar gheall ar raon na tuarascála:

- Aithnítear go forleathan go gcumhdaítear le curaclam leanúntas ón gcuraclam beartaithe/ceaptha, tríd an gcuraclam múinte, an curaclam a bhfuil taithí ag daoine air, agus an curaclam measúnaithe, agus an baol ann go mbeidh bearnaí agus neamhleanúnachas seachas saibhriú curaclaim ann ag gach céim den leanúntas. Is minic go dtugtar "an bhearna chur chun feidhme" ar an bhfeiniméan sin agus aithnítear é in an-chuid athchóirithe mórscála maidir le beartas poiblí chomh maith le hoideachas scoile. Bheadh athbhreithniú cuimsitheach ar an litríocht sin lasmuigh de raon feidhme na tuarascála seo. Is leor a rá nach meastar go bhfuil cur chun feidhme beartais mar phróiseas líneach ó bharr anuas a thuilleadh, lena n-áirítear cruthú tionscnamh beartais agus doiciméad le seachadadh d'úsáideoirí éighníomhacha deiridh. Bíonn an próiseas níos casta agus níos achrannaí, éilítear leis machnamh a dhéanamh ar chórais, lena gcumhdaítear gníomhaithe iomadúla, agus idirspleáchas idir cúiseanna agus iarmhairtí, sa mhéid go bhfuil roinnt díospóireachta ann faoi láthair maidir leis an téarma 'cur chun feidhme' agus má tá sé fós iomchuí chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas. Mar shampla, úsáidtear anois téarmaí eile amhail 'achtú

curaclaim', agus 'comhchruthú curaclaim' chun cur síos níos iomláine a dhéanamh ar chastacht na brí. Agus an méid sin á aithint agam, leanfaidh mé de bheith ag úsáid an téarma 'cur chun feidhme' chun críocha na tuarascála seo, go príomhúil toisc gurb é an téarma a úsáidtear fós i gcuid mhór den litríocht dá dtagraítear.

- Cé go ndírítear ar phríomhinniúlachtaí sa tuarascáil seo, tá sé dosheachanta go mbeidh níos mó fadhbanna agus ceisteanna ginearálta ann maidir le cur chun feidhme aon athfhorbairt/athcheapadh curaclaim nó athnuachan curaclaim freisin. D'fhéadfaí nach mbeidh príomhinniúlachtaí mar an t-aon choincheap nua a thugtar isteach agus is minic go mbraitear go mbíonn roinnt de na hathruithe eile níos dúshlánaí ná príomhinniúlachtaí a thabhairt isteach *per se*.
- Den chuid is mó, ní bhaineann an t-ábhar taighde agus an taithí ó dhlínsí eile go sonrach le sraith shinsearach an oideachais ach bailítear iad trasna céimeanna uile an oideachais toisc nach gcuirtear an creat príomhinniúlachta in oiriúint do chéimeanna sonracha i ndlínsí eile (féach Príomhthuarascáil, lch. 14).
- Ar deireadh, tá CNCM cheana féin i dtaithí ar thábhacht "coinníollacha fabhracha" chun fís agus cuspóirí athfhorbairt na sraithe sinsearaí a bhaint amach, mar is léir sa phlé i gCaibidil 3 den Tuarascáil Chomhairleach de chuid Athbhreithnithe ar an tSraith Shinsearach (CNCM, 2022, lgh 53-60), ina bpléitear na cúinsí comhthéacsúla agus córasacha a bhaineann le curaclam agus measúnú amhail "*cultúr na scoile agus ceannaireacht; foghlaim ghairmiúil; pleanáil, comhoibriú agus tacaíocht; rannpháirtíocht agus cumarsáid páirtithe leasmhara; agus ionchais agus tionchair a bhaineann leis an tsochaí*" (lch. 53).

É sin ráite, roinntear an chuid eile den tuarascáil seo i dtrí gcuid, agus tugtar aghaidh ar an gceist maidir le 'ceachtanna a foghlaimíodh' ó pheirspictíochtaí éagsúla, ach comhlántacha, i ngach cuid.

I gCuid 2, cuirtear **dearcadh beartais ginearálta** in iúl trí athbhreithnithe agus sintéisí le déanaí ó thaighde maidir le chur chun feidhme príomhinniúlachtaí i gcuraclaim scoile. Aithníodh go raibh dhá athbhreithniú cuimsitheach ábhartha. An chéad athbhreithniú ná páipéar oibre de chuid ECFE, Athchóiriú Curaclaim: Athbhreithniú litríochta chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach *(Curriculum Reform: A literature review to support effective implementation)* (Gouedard, Pont, Hyttinen agus Huang, 2020), a scríobhadh chun tacaíocht a thabhairt d'obair leanúnach ECFE maidir leis an gCreat Compáis Foghlama (*Learning Compass Framework*) agus an tionscadal Todhchaí an Oideachais agus Scileanna: Oideachas 2030 (*The Future of Education and Skills: Education 2030)* (ECFE, 2018). Cuireadh an dara hathbhreithniú i gcrích le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh, Príomhinniúlachtaí do chách: Ceapadh agus cur chun feidhme beartais in oideachas scoile na hEorpa *(Key competences for all: Policy*

*design and implementation in European school education* (Looney et al, 2022a, achoimre feidhmiúcháin; 2002b, tuarascáil iomlán).

I gCuid 3, athraítear an dearcadh go mór agus dírítear ar **na sonraí sonracha maidir leis an trí chás-staidéar agus ar an gcaoi gur cuireadh chun feidhme iad.** Roghnaíodh an Nua-Shéalainn agus an Albain toisc gur samplaí de 'nuálaithe luatha' iad (comhairliúchán agus píolótú ó 2004, agus rolladh amach náisiúnta in 2007 agus 2010) agus toisc go bhfuil bonn taighde substaintiúil ar fáil. Áirítear British Columbia, atá níos déanaí leis na cás-staidéir (comhairliúchán agus pleanáil ó 2011, agus rolladh amach céimnithe 2016-2019) mar gheall ar an gcur chuige a bhí aige aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin a tuairiscíodh ó na creataí príomhinniúlachta ní ba luaithe. Cuirfear síos ar phríomhghnéithe na gcuraclam éagsúil sin, agus ceisteofar aon fhaireachán agus fianaise taighde maidir le dul chun chinn agus tionchar na gcuraclam, ag díriú ar léargais luatha chomh maith le meastóireacht níos fadtéarmaí, i gcás ina bhfuil sin ar fáil.

Athraítear an dearcadh arís i gCuid 4 agus tugtar roinnt príomhthéamaí le chéile maidir le cur chun feidhme atá **go háirithe bainteach le húdaráis agus comhairlí curaclaim**, cosúil le CNCM, agus tagraíodh do roinnt acu cheana féin go hachomair sa Phríomhthuarascáil. Aithníodh trí shaincheist thábhachtacha: (1) an áit atá ag **príomhinniúlachtaí sa churaclam** agus an gaol eatarthu agus páirteanna eile den churaclam; (2) **cur síos agus cur in iúl na bpríomhinniúlachtaí i ndoiciméid** le haghaidh scoileanna agus múinteoirí; (3) a mhéid atá **ailíniú nua maidir le hoideolaíocht agus measúnú** ag teastáil mar gheall ar thabhairt isteach na bpríomhinniúlachtaí i gcuraclam. Cé gur spreagadh na ceisteanna sin go sonrach ó thrí chás-staidéar, cuirtear taithí ó réimse leathan dlínsí eile in iúl sa chuid seo, agus roinntear nascanna go suíomhanna gréasáin le haghaidh samplaí de roinnt cur chuige.

**Cuid 5** - Cuid deiridh na dtuarascálacha achoimre ina ndéantar machnamh níos ginearálta maidir leis na dúshláin athfhillteacha agus na ceachtanna a foghlaimíodh.

# 2 Dearcthaí beartais ginearálta: Ceachtanna agus moltaí

## 2.1 Barúlacha ginearálta

Aithníodh go raibh dhá athbhreithniú cuimsitheach ábhartha. An chéad athbhreithniú ná páipéar oibre de chuid ECFE, Athchóiriú Curaclaim: Athbhreithniú litríochta chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach *(Curriculum Reform: A literature review to support effective implementation)* (Gouedard, Pont, Hyttinen agus Huang, 2020), a scríobhadh chun tacaíocht a thabhairt d'obair leanúnach ECFE maidir leis an gCreat Compáis Foghlama (*Learning Compass Framework*) agus an tionscadal Todhchaí an Oideachais agus Scileanna: Oideachas 2030 (*The Future of Education and Skills: Education 2030)* (ECFE, 2018). Tá breis is 40 tír ar fud an domhain ag obair leis an tionscadal sin maidir le hathchóiriú curaclaim inniúlacht-bhunaithe. Cuireadh an dara hathbhreithniú i gcrích le haghaidh an Choimisiúin Eorpaigh, Príomhinniúlachtaí do chách: Ceapadh agus cur chun feidhme beartais in oideachas scoile na hEorpa *(Key competences for all: Policy design and implementation in European school education* (Looney et al, 2022b, an tuarascáil iomlán). San athbhreithniú sin, baintear leas as taithí gach ceann de 27 ballstát an Aontais Eorpaigh a bhfuil baint acu le gné éigin de Chreat Príomhinniúlachtaí an AE a chur chun feidhme, agus go háirithe as taithí cúig thír atá mar chás-staidéir (lena n-áirítear Éire). Leagadh an bhéim ar an bpiarfhoghlaim agus é mar chuspóir sainráite na "ceachtanna a foghlaimíodh" a aithint agus moltaí a sholáthar do lucht ceaptha beartas atá ag ceapadh agus ag cur athchóirithe beartais chun feidhme chun inniúlachtaí leathana na bhfoghlaimeoirí go léir a fhorbairt. Sula scrúdófar na moltaí, seo a leanas roinnt pointí tábhachtacha nach mór cuimhneamh orthu.

Cé go ndírítear ar chur chun feidhme beartais ar leibhéal na gcóras, agus thar ghníomhaithe iolracha, sa dá athbhreithniú, **tá difríochtaí béime agus raoin idir an dá athbhreithniú.** Mar shampla, dírítear níos mó ar na céimeanna tosaigh den chur chun feidhme i dtuarascáil an AE, ach tugtar léargas níos leithne ar athchóiriú curaclaim, comhleanúnachas agus ailíniú go fadtéarmach i bpáipéar oibre ECFE. Cé nach mbaineann athbhreithniú an AE ach le córas scoile na hEorpa, baintear leas as réimse taighde níos leithne agus taithí na gcóras oideachais ar fud an domhain i bpáipéar ECFE. Freisin, is féidir roinnt difríochtaí a thabhairt faoi deara maidir le seasamh beartais níos ginearálta – is gnách go mbíonn cur chuige ón mbarr anuas agus dearcadh córais níos leithne ag moltaí ECFE, dírítear níos mó ar chomhthógáil le scoileanna agus múinteoirí i moltaí an AE. É sin ráite, tá go leor forluí idir an dá shraith moltaí.

Leagann an dá thuarascáil béim ar **chastacht agus ar chineál ilghnéitheach** athchóiriú curaclaim a chur chun feidhme agus ar thábhacht **comhdhearcadh a fháil maidir leis an bhfís** do chur chuige nua curaclaim, agus dá bharr sin leagtar béim ar **rannpháirtíocht, comhthógáil, comhairliúchán** thar réimse páirtithe leasmhara **chun muinín agus úinéireacht a bhunú**. Cé go ndíríonn tuarascáil an AE ar

na céimeanna tosaigh, aithnítear go forleathan an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht ag GACH céim. Rinne CNCM de réir an mholta sin cheana féin don Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach agus rinneadh réimse leathan comhairliúchán (Comhairliúchán | CNCM)

Is nóta rabhaidh í tuarascáil ECFE maidir leis an gcaoi gur féidir le **léirmhínithe difriúla ar fhís a bheith ina ndúshláin maidir le cur chun feidhme beartais**  Is é an sampla a thuairiscítear ná oideachas na Seapáine le linn na 1990idí/2000idí, nuair a leagadh amach dhá phríomhaidhm in athchóiriú curaclaim na Seapáine – luachanna traidisiúnta a chothú amhail inniúlacht mhothúchánach agus shóisialta, agus indibhidiúlacht agus an cumas chun smaoineamh ar do shon féin a chur chun cinn - cáilíochtaí a measadh a bheith riachtanach do shochaí na Seapáine chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na todhchaí. Bhí tuiscint éagsúil ag páirtithe leasmhara maidir leis an mbéim a leagadh ar 'indibhidiúlacht'. Bhí sé ar intinn ag an lucht ceaptha curaclaim aistriú ó churaclam a oireann do chách chun ligean do scoláirí roghanna a dhéanamh de réir a gcuid spéiseanna agus inniúlachtaí. Thacaigh na daoine a thuig ar an mbealach sin é leis an gcur chun feidhme, ach do dhaoine eile a thuig indibhidiúlacht mar bhealach chun mic léinn a idirdhealú i gcláir éilíte agus neamh-éilíte – rud a mhéadaigh neamhionannas – bhí drogall orthu é a chur chun feidhme.  Bhí roinnt deacrachtaí ag an athchóiriú agus aisiompaíodh níos déanaí é (lch.13, Bosca 4.2). An teachtaireacht uaidh sin ná go leor deiseanna a chruthú do pháirtithe leasmhara chun 'ciall a bhaint as' impleachtaí an churaclaim nua, é sin a dhéanamh go leanúnach agus ag céimeanna éagsúla, mar go ndéanfaidh gníomhaithe a dtuiscint féin ar bheartais an churaclaim go gníomhach bunaithe ar na creidimh agus ar na cleachtais atá acu cheana.

Leagtar béim i dtuarascáil an AE ar dhá thoisc lena gcuirfear chun feidhme go rathúil – **tiomantas láidir polaitiúil** ó phríomhghníomhaithe beartais oideachais **agus cumas cur chun feidhme**. Cé go bhféadfadh go leor ceannairí cur chuige príomhinniúlachta a chur chun cinn mar an treo cuí d'fhoghlaim an 21ú haois, d'fhéadfadh go mbeadh daoine eile ann a cheisteoidh creidimh agus luachanna doimhne maidir le cuspóirí oideachais scoile mar thoradh ar aon chur isteach ar an gcuraclam 'inneachair' níos traidisiúnta.  Tá acmhainní agus toil pholaitiúil ag teastáil chun an fhís a chothú. Toisc thábhachtach eile ná a mhéid atá córas scoile réidh agus in ann athchóirithe a chur chun feidhme, agus má tá dóthain tacaíochta ar fáil chun acmhainneacht agus athrú ar leibhéal na scoile a fhorbairt. Sa tuarascáil, áitítear go bhfuil dóchúlacht mhór ann go gcuirfear curaclaim chun feidhme go rathúil i gcás go mbíonn an dá thoisc ann, ach má bhíonn ceachtar acu in easnamh, beidh dúshláin ann.

### 2.2 Moltaí

Go bunúsach is iad seo a leanas na catagóirí ginearálta le haghaidh moltaí a thagann ón dá pháipéar sin:

- Tá moltaí dea-ullmhaithe agus mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht, comhairliúchán, comhthógáil le páirtithe leasmhara den uile shórt, lena n-áirítear múinteoirí, ceannairí scoile, tuismitheoirí agus scoláirí, maidir leis an bhfís féin, chomh maith le cur chun feidhme. Is cosúil go bhfuil comhairliúchán luath - agus rialta - tábhachtach. Luaitear an gá atá le 'teoiric athraithe' dea-ullmhaithe sa dá athbhreithniú[1] le táscairí maidir leis na spriocanna atá sé d'aidhm a bhaint amach le forbairt an churaclaim, ní hamháin ó thaobh thorthaí na scoláirí de ach don chóras ina iomláine, chomh maith le plean gníomhaíochta maidir leis an gcaoi go mbainfí amach na spriocanna sin.
- Moltar go láidir forbairt an mhúinteora a aithint agus pleanáil a dhéanamh maidir leis sin ón tús. Leagtar béim thábhacht 'cleachtas a fhorbairt agus a dhoimhniú' le haghaidh ceannairí scoile agus múinteoirí i dtuarascáil an AE.
- Chun móiminteam a choinneáil agus aiseolas a bhailiú chun athruithe a dhéanamh, tá sé tábhachtach tionscnaimh a phíolótú, curaclaim a thástáil agus céimniú isteach a dhéanamh. Tugtar deiseanna leis an bpíolótú chun múinteoirí agus scoileanna a fhorbairt, agus pobail chleachtais a chruthú. Is féidir le braislí scoile a bheith éifeachtach chun comhoibriú agus comhroinnt cleachtais a leabú agus chun acmhainn a fhorbairt thar am.
- Measúnú a phleanáil ar athcheapadh agus rolladh amach an churaclaim ón tús, go foirmitheach AGUS go suimitheach araon. An deis a thapú chun athbhreithnithe tréimhsiúla curaclaim a chruthú, murab amhlaidh an cleachtas reatha.
- Córas trédhearcach d'athnuachan curaclaim a bhunú, ina bhfuil próisis na bpáirtithe leasmhara soiléir agus comhsheasmhach agus ina bhfuil leithdháileadh na dtascanna soiléir (gan aon mhearbhall, débhríocht nó dúbailt ina dhiaidh sin). Éist le haiseolas agus cuir leis na ceachtanna a foghlaimíodh, ag cinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach le loighic an cheaptha beartas.
- Go ndéantar moltaí sa dá thuairisc maidir le cumarsáid, maidir le fís an churaclaim chomh maith le hamlíne an cur chun feidhme. Ní mór an tábhacht a bhaineann le tuin agus teanga na cumarsáide do lucht féachana éagsúla a chur san áireamh.
- Tá iarmhairtí ag baint le cur chun feidhme rathúil ar fud an chórais, agus ní mór é sin a chur san áireamh. Is dócha go bhfuil tuarascáil ECFE, mar gheall go dearcadh níos leithne inti, níos soiléire faoin méid sin, ag tabhairt faoi deara an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aici ar oiliúint

[1] What is Theory of Change? - Theory of Change Community

múinteoirí i dtosach, ar oideolaíochtaí, ar mheasúnú scoláirí, ar mheasúnú múinteoirí, ar mheastóireacht agus ar chigireacht scoile. Tá moltaí níos láidre i dtuarascáil an AE maidir le cleachtas a fhorbairt agus a dhoimhniú do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí, agus maidir le meastóireacht scoile ghaolmhar.

- Tugtar moltaí sa dá thuarascáil maidir leis an ngá atá le maoiniú leordhóthanach, chomh maith le straitéis maoinithe inbhuanaithe fhadtéarmach. Déan deiseanna teicneolaíochta a fhiosrú (go háirithe na ceachtanna ó COVID-19).
- Fiú leis an tacaíocht is fearr, glacann cur chun feidhme rathúil a fhorbraíonn go bríoch agus a dhoimhníonn cleachtas, am – agus foighne – agus tugadh seo faoi deara sa dá thuarascáil.

## 3 Cur chun feidhme: Trí chás-staidéar

Cé go raibh dearcadh beartais ginearálta ar athrú curaclaim sa chuid roimhe seo, beidh fócas níos sonraí agus níos mionsonraithe sa chuid seo. Scrúdaítear an taithí cur chun feidhme ag leibhéal curaclaim áirithe. Sainaithníodh trí dhlínse le haghaidh athbhreithnithe sa chuid seo – an Nua-Shéalainn, Albain agus British Columbia, Ceanada. Is samplaí iad an Nua-Shéalainn (2007) agus Albain (2010-2011) de 'nuálaithe luatha', áit a bhfuil fianaise taighde mhór bailithe maidir le rolladh amach, dul chun cinn agus tionchar na gcuraclam. Áirítear British Columbia níos déanaí leis na cás-staidéir (rolladh amach céimnithe 2016-2019) mar gheall ar an gcur chuige a bhí aige aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin a tuairiscíodh ó na creataí príomhinniúlachta ní ba luaithe. Bhí tréimhsí fada comhairliúcháin, pleanála agus píolótaithe ag an trí churaclam roimh an rolladh amach náisiúnta deiridh.

### 3.1 An Nua-Shéalainn

**3.1.1 An Curaclam**: Ón tús, ba cheart a thabhairt faoi deara go leagtar amach an treo ginearálta do scoileanna/múinteoirí i gCuraclam na Nua-Shéalainne, ach tá cuid mhaith neamhspleáchais áitiúil ag scoileanna chun a gcuraclam féin a chruthú chun freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí.

Tugadh isteach cur chuige príomhinniúlachta i gcuraclam na Nua-Shéalainne in 2007 (aoiseanna 5-18), NZ Curriculum Web (3).pdf. Ba iad seo an chéad dlínse a bhain leas follasach as creat teoiriciúil DeSoto maidir le príomhinniúlachtaí (ECFE, 2005) d'oideachas scoile. Áiríodh cúig inniúlacht leis an gcreat:

- **Smaointeoireacht**
- **Teanga, siombailí agus téacsanna a úsáid**
- **Féinbhainistiú**
- **Caidreamh le daoine eile**
- **Rannpháirtíocht agus ionchur**

Bhí roinnt athchóirithe eile i dteannta le príomhinniúlachtaí, a bhain le luachanna, prionsabail, agus cur chuige i leith an teagaisc ar a dtugtar teagasc mar fhiosrú (ní mar an gcéanna le foghlaim bunaithe ar fhiosrú). Rinneadh tagairt chomhchoiteann don chur chuige nua seo sna cur síos luath ar an gcuraclam mar 'thosach' an churaclaim, i gcomparáid leis an 'deireadh' lenar áiríodh na cuspóirí foghlama (torthaí) a bhain le hábhair. Rinneadh roinnt athruithe freisin ar na cuspóirí foghlama a thug níos mó neamhspleáchais agus solúbthachta do mhúinteoirí agus do scoileanna maidir lena gcuraclam a cheapadh ag leibhéal na scoile. Is é an pointe tábhachtach ná gur braitheadh ón tús go raibh deighilt idir an dá chomhpháirt seo, agus, mar a léireofar ón meastóireacht ar an rolladh amach agus ón bplé

a rinneadh ina dhiaidh sin, d'éirigh an neamhleanúnachas seo níos soiléire agus tá sí fós tábhachtach i leith forbairtí amach anseo.

**3.1.2 Conas a d'Éirigh leis:** Gné thábhachtach de chomhthéacs na Nua-Shéalainne ab ea a mhéid a bhí an tiomantas chun ceachtanna a fhoghlaim ón bhfianaise mheastóireachta a bailíodh ó scoileanna agus ó scoláirí, ón gcéad dá bhliain den chur chun feidhme (Sinnema, 2011) go dtí blianta beaga anuas (McDowell agus Hipkins, 2018), nuair a forbraíodh an clár reatha chun an curaclam a 'athnuachan'. Ba í an Aireacht Oideachais sa Nua-Shéalainn den chuid is mó a choimisiúnaigh an clár taighde agus ba í Comhairle na Nua-Shéalainne um Thaighde Oideachais agus/nó Ollscoileanna Auckland agus Waikato a chur i gcrích é.

Le tásca na meastóireachtaí ba luaithe léiríodh, cé gur chuir scoileanna agus múinteoirí fáilte roimh an gcuraclam nua agus gur aithin siad an cumas a bhí aige maidir le teagasc agus foghlaim ardcháilíochta i scoileanna agus i measc scoláirí, go raibh "meas" ar an gcuraclam nua ach go raibh sé "dúshlánach" (Sinnema 2011, lch. 2). Tháinig an chéad tuarascáil faireacháin, lena gcumhdaítear an chéad dá bhliain (2008-2009), ar an gconclúid, d'ainneoin an ardmheasa a bhí ar an gcuraclam nua, gur thuairiscigh múinteoirí leibhéil níos ísle muiníne maidir lena chur chun feidhme. Ba ghnách leo na smaointe níos nuaí maidir le príomhinniúlachtaí a chomhshamhlú isteach sa tuiscint a bhí acu ar scileanna cheana, b'fhéidir nár thuig siad go hiomlán athrú coincheapúil na brí idir an dá théarma (féach Príomhthuarascáil, lgh 15-16). Rinne scoileanna dul chun cinn athraitheach, agus bhí tionchar ag an leibhéal measa a bhí ar an gcuraclam, an méid muiníne a bhí ag na múinteoirí as na cleachtais níos nuaí, cáilíocht na tacaíochta a fuair siad, agus doimhneacht a dtuisceana ar an dul chun cinn sin.

Ag breathnú siar le 11/12 bliain anuas, rinneadh achoimre ar thorthaí na dtuarascálacha taighde i gceithre chéim (McDowall agus Hipkins, 2018; An Oifig Taighde Oideachais, ERO, 2019). Tugtar breac-chuntas i dTábla 2 thíos ar phríomhghnéithe gach céime le neas-dátaí, ag aithint go bhfuil forluí idir na céimeanna agus go bhféadfadh sé nach bhfuil roinnt scoileanna tar éis bogadh ar aghaidh ón dara céim go fóill. Tógtar na pointí urchair focal ar fhocal ó thuarascáil ERO.

| **Tábla 2 Céimeanna i bhforbairt na bPríomhinniúlachtaí (KCanna) i Scoileanna na Nua-Shéalainne (neas-amlíne) (ERO, 2019, lgh 14-15)** | |
|---|---|
| Céim 1<br>2006- | • *"Tá comh-imní ar cheannairí scoile agus ar mhúinteoirí go dtiocfaidh KCanna in áit eolas agus scileanna traidisiúnta."*<br><br>• *"I scoileanna, níor smaoiníodh ar an gcaoi a bhféadfaí KCanna a úsáid chun cabhrú le scoláirí a gcuid foghlama a bhainistiú go fóill."*<br><br>• *"Téann KCanna in oiriúint do na cleachtais teagaisc atá ann cheana féin, seachas tionchar a bheith acu orthu."* |

| | |
|---|---|
| Céim 2<br>2008- | • *"Aistríonn dearcadh na gceannairí agus múinteoirí ó bheith ag smaoineamh ar na spriocanna foghlama mar roghnú inneachair go dearcadh foghlama an ábhair mar mheán chun scileanna a thabhairt do scoláirí le bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil."*<br><br>• *"Úsáideann roinnt múinteoirí topaicí fiosrúcháin chun cumas gníomhúcháin níos fearr a thabhairt don scoláire ina chuid foghlama, rud a thugann rogha níos mó dó maidir leis an ábhar a fhoghlaimíonn sé agus maidir leis an gcaoi a ndéanann sé é."*<br><br>• *"Tosaíonn roinnt múinteoirí ag aithint na féidearthachta KCanna a úsáid ar bhealaí ar leith le haghaidh réimsí foghlama éagsúla, cé go n-úsáidtear go haonfhoirmeach iad den chuid is mó beag beann ar an réimse foghlama."* |
| Céim 3<br>2011- | • *"Forbairt bhreise ar KCanna ar bhealaí a bhaineann go sonrach le réimsí foghlama."*<br><br>• *"Tá dearcadh níos casta agus níos ilghnéitheacha ag ceannairí agus múinteoirí maidir le KCanna ná mar a bhí acu sna céimeanna roimhe seo."*<br><br>• *"Castacht mhéadaithe a léirítear i dtabhairt isteach 'cumas', téarma a úsáidtear chun torthaí foghlama na scoláirí a bhfuil príomhinniúlachtaí á gcleachtadh acu a shainiú agus ag meascadh ceann amháin nó níos mó le chéile i bhfoghlaim inneachair."*<br><br>• *"Cruthaíonn roinnt múinteoirí tascanna iomlánaíocha, lena dtugtar gnéithe KCanna éagsúla agus coincheapa ó réimse foghlama amháin nó níos mó le chéile chun cumais na scoláirí a chothú. Tá fócas coincheapúil ar thascanna iomlánaíocha agus fócas maidir le rudaí 'a dhéanamh' lena mbaintear leas as gnéithe na KCanna uile."* |
| Céim 4<br>2014 - | • *"Úsáideann roinnt múinteoirí tionscadail fiosrúcháin chun an curaclam a mhúineadh ar bhealaí níos casta agus níos oscailte ná mar a mhúineadh sna céimeanna roimhe seo, le topaicí fiosrúcháin bunaithe ar fhíor-cheisteanna tugtar deis do scoláirí fadhbanna a réiteach, rud a chuireann iallach orthu eolas a bhí acu roimhe seo a úsáid agus a gcuid KCanna a fhorbairt".*<br><br>• *"Chuirfeadh na múinteoirí a bhaineann Céim 4 amach curaclam fónta ar fáil do scoláirí agus is cinnte go bhfuil scoláirí ag 'foghlaim conas foghlaim' agus ag forbairt inniúlachta gníomhaíochta."* |

Tá na pointí urchair sa tábla féinmhínitheach den chuid is mó agus léirítear leo fás ar thuiscint agus ar athruithe ar chleachtas an tseomra ranga a bhaineann le teagasc príomhinniúlachta le himeacht ama. Ar dtús, bhí imní ar mhúinteoirí go n-úsáidfí an cur chuige nua seo in áit eolas agus scileanna traidisiúnta agus go n-íosghrádófaí iad dá bharr (Céim 1) ach ansin thosaigh siad féidearthacht na bpríomhinniúlachtaí a thabhairt faoi deara mar bhealaí chun foghlaim fad saoil a fhorbairt agus chun

cabhrú le cumas gníomhúcháin an scoláire (Céim 2). Pointe fáis eile ab ea an chaoi ar thosaigh múinteoirí an gaol idir foghlaim ábhair agus príomhinniúlachtaí a fheiceáil ar bhealaí nua (Céim 3 agus 4), agus iad ag aithint conas is féidir leis na príomhinniúlachtaí oibriú le chéile chun scoláirí níos cumasaí a fhorbairt, ag tarraingt ar a réamheolas agus á chur i bhfeidhm chun fadhbanna a réiteach (Céim 4).

Mar sin féin, is léir ón tuairisc achomair seo nach bhfuil Céim 4 bainte amach ag gach scoil. I dtuarascáil eile, ina ndearnadh suirbhé ar phríomhinniúlachtaí sa bhunscoil go sonrach (ERO, 2019), thángthas ar an gconclúid gur dhócha nár baineadh ach coibhéis Chéim 2 amach fiú amháin sna scoileanna is rannpháirtí , agus i thart ar 28% de bhunscoileanna ní raibh aon fhianaise ann gur baineadh úsáid as príomhinniúlachtaí in aon chor.

De réir thuarascáil achomair ERO (2018), ba iad seo a leanas na príomhchonstaicí agus dúshláin a bhí ar na scoileanna:

- mearbhall maidir le brí na bpríomhinniúlachtaí agus a n-áit i bhfoghlaim an scoláire;
- drogall na múinteoirí bogadh ar shiúl ó stíleanna agus cleachtais teagaisc a bhfuil taithí acu orthu;
- easpa sonraí soiléire lena léirítear na buntáistí a bhaineann le príomhinniúlachtaí i dtaobh thorthaí foghlama na scoláirí; agus
- an easpa soiléireachta maidir le measúnú a d’fhan, mar a luadh sa tuarascáil, mar ‘obair idir lámha’.

É sin ráite, tugann tuarascáil ERO le fios freisin bealaí inar éirigh le múinteoirí príomhinniúlachtaí a chomhtháthú ina gcleachtas. Mar shampla, nuair a

- *“Thuigeann múinteoirí gur uirlisí iad príomhinniúlachtaí chun tuiscint a dhoimhniú agus chun oibriú le heolas seachas in áit eolas;*
- *spreagtar na scoláirí chun teanga a oireann don réimse foghlama a úsáid – “smaoineamh ar nós staraí”, “smaoineamh ar nós matamaiticeora”;*
- *(a)tá an leibhéal sainiúlachta ceart ag príomhinniúlachtaí ina gcur síos – má tá siad ró-ghinearálta, d’fhéadfaidís a bheith doiléir agus bíonn sé deacair do scoláirí iad a thuiscint, má tá siad ró-shonrach, d’fhéadfaidís a bheith iomarcach;*
- *feabhsú leanúnach le haiseolas cuí agus spreagadh;*
- *tugtar fadhbanna dúshlánacha do scoláirí le réiteach ionas go bhfaigheann siad an deis a gcuid inniúlachtaí atá ag teacht chun cinn a úsáid i gcásanna ar leith;*

- *déanann scoláirí féinmheasúnú agus piarmheasúnú ionas go mbíonn comh-theanga á roinnt idir scoláirí agus múinteoirí agus á húsáid ina gcuid cleachtais mheasúnaithe."* (ERO, 2018, lgh 16-17)

Tar éis machnamh a dhéanamh, is í conclúid na tuarascála ERO ná go raibh luas mall dul chun cinn ann mar gheall ar easpa mionsonraí chun cabhrú le múinteoirí tuiscint a fháil ar bhrí na bpríomhinniúlachtaí ar mhaithe leis na scoláirí agus conas na príomhinniúlachtaí sin a chomhtháthú ina gcleachtas agus moltar don Aireacht tacaíocht a thabhairt do cheannairí agus do mhúinteoirí tríd an méid seo a leanas:

- Míniú breise agus cur in iúl na bpríomhinniúlachtaí chun a mbrí a shoiléiriú do gach múinteoir;
- Tuilleadh acmhainní a chur ar fáil, lena n-áirítear samplaí den chaoi le KCanna a fhorbairt i gcleachtas teagaisc.

É sin ráite, ba cheart go gcaithfí go cúramach leis an smaoineamh gurb é 'níos mó sonraí' an eochair chun na dúshláin a bhaineann le curaclam nua a thabhairt isteach a réiteach, mar is léir ó chás-staidéar na hAlban.

**Forbairtí nua:** Tá an Nua-Shéalainn tiomanta do bheith ina "córas a fhoghlaimíonn" agus tá tús curtha aici le "athnuachan" churaclam na Nua-Shéalainne, agus iad ag cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh sa chéad deich mbliana nó mar sin. Tá tús curtha le timthriall nua athfhorbartha, agus déanfar athruithe pleanáilte a thabhairt isteach de réir a chéile ó 2023-2027. Tá dréachtleagan ar fáil ag an nasc seo a leanas:


PDF Te Mataiaho March 2023.pdf (curriculumrefresh-live-assetstorages3bucket-l5w0dsj7zmbm.s3.amazonaws.com)

Is cóir a rá go dtéann na tiománaithe don athnuachan atá beartaithe ar an gcuraclam i bhfad níos faide ná na sonraí meastóireachta ar phríomhinniúlachtaí agus na dúshláin a chuir siad os comhair múinteoirí agus scoileanna mar a thuairiscítear thuas. Athrú cultúrtha tábhachtach is ea glacadh le curaclam déchultúrtha chun ionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar éagsúlacht agus oidhreacht chultúrtha na Nua-Shéalainne, agus comhionannas in aitheantas, rochtain agus gnóthachtálacha scoileanna Maori.

É sin ráite, is í ceann de na saincheisteanna a bhfuiltear ag plé léi, atá ábhartha don pháipéar seo, ná conas is fearr an gaol idir príomhinniúlachtaí agus ábhair/réimsí foghlama a "chomhtháthú" – chun cur síos a dhéanamh air agus ionadaíocht a dhéanamh air, agus conas ionchais chuí a leagan síos maidir le dul chun cinn i bhfoghlaim na scoláirí leis an ngaol sin san áireamh.

Baineann an dara saincheist le ról an eolais, agus go háirithe leis an tsolúbthacht maidir le rogha inneachair ábhair a tugadh do scoileanna áitiúla sa churaclam roimhe seo, gan dóthain treorach. Ba iad na hiarmhairtí, a thángthas ar an gconclúid, ná easpa comhleanúnachais agus comhsheasmhachta i gclúdach na bpríomhréimsí foghlama, rud a d'fhág gur chaill roinnt scoláirí amach ar réimsí tábhachtacha, agus d'ardaigh siad arís ceisteanna faoi theidlíocht agus comhionannas curaclaim (féach Aitken agus Wood, 2023, ag míniú cúiseanna na hathnuachana). Bhí tionchar ag tionscadal Chompáis Foghlama ECFE freisin ar an treo nua, an plé a bhí acu ar chineálacha éagsúla eolais, agus ról an eolais i gcoincheapú na bpríomhinniúlachtaí (féach Príomhthuarascáil, lgh 14-17).

Chun cothromaíocht agus comhtháthú níos fearr a bhaint amach idir príomhinniúlachtaí agus cineálacha éagsúla eolais, tá samhail nua glactha ag an Nua-Shéalainn dar teideal **Understand-Know-Do**, atá cosúil leis an gcur chuige atá glactha ag British Columbia, féach Cuid 3.3 sa tuarascáil seo. Léirítear sa ghrafaic ghairid thíos (ó shuíomh gréasáin Churaclam na Nua-Shéalainne) an méid atá i gceist leis sin.  Áirítear na príomhinniúlachtaí roimhe seo anois faoi "Déan" (*Do*).




Mar gheall ar an imní atá ann faoi éagsúlacht i ceapadh curaclaim ar an leibhéal áitiúil, ullmhaíodh pacáiste feidhmithe agus acmhainní chun tacú le scoileanna agus/nó cnuasaigh scoileanna leis na peirspictíochtaí nua sa churaclam athnuaite, féach an nasc thíos.

[Implementation Pack and Readiness Tool - 12 Sept 2023.pdf (curriculumrefresh-live-assetstorages3bucket-l5w0dsj7zmbm.s3.amazonaws.com)]

### 3.1.3 Tráchtaireacht maidir le Cás-Staidéar na Nua-Shéalainne 2007

Roinnt príomhphointí a ghabhann le fócas na tuarascála seo maidir leis na 'ceachtanna a foghlaimíodh':

- Bhí bonn láidir teoiriciúil ag Curaclam na Nua-Shéalainne 2007 dá chur chuige príomhinniúlachta chomh maith le tiomantas láidir do thaighde agus do mheasúnú rolladh amach an churaclaim, go ginearálta agus le fócas sonrach ar phríomhinniúlachtaí.  Lig sé seo

dó éabhlóid na bpríomhinniúlachtaí sa churaclam thar 10-15 bliana a thaifeadadh, mar a léirítear i dTábla 2 sa tuarascáil seo.

- Leagtar amach "an treoir" i gcuraclam na Nua-Shéalainne ach tá go leor neamhspleáchais agus freagrachta ag scoileanna chun curaclam a cheapadh agus a chur chun feidhme. D'fhéadfadh go mbeadh an chothromaíocht idir údaráis churaclaim agus ceantair/scoileanna i ndlínsí eile difriúil.
- Cuireadh síos ar phríomhinniúlachtaí i gcáipéisí curaclaim 2007 ar an mbealach seo a leanas:

> *"Níos casta ná scileanna, bunaítear na hinniúlachtaí freisin ar eolas, ar dhearcthaí agus ar luachanna ar bhealaí a mbíonn gníomhú mar thoradh orthu. Ní gnéithe ar leithligh ná neamhspleácha iad. Tá príomhról acu maidir le foghlaim i ngach réimse foghlama.* (Curaclam na Nua-Shéalainne, 2007, lch.12).

Tá sé mealltach an chonclúid a dhéanamh nach raibh staid 'ainmnigh i ndóchas ag an Nua-Shéalainn, sin le rá, na hinniúlachtaí inmhianaithe a ainmniú agus múinteoirí a spreagadh lena dtógáil i dteagasc a n-ábhair, gan aon chomhairle bhreise ar na bealaí a bhféadfaí iad a nascadh le teagasc a n-ábhair. Ach ní bheadh sin go hiomlán cothrom. Le linn na tréimhse sin, forbraíodh roinnt pacáistí acmhainní agus bhí siad ar fáil ar shuíomh gréasáin Churaclam na Nua-Shéalainne inar míníodh brí na bpríomhinniúlachtaí, chomh maith le cuir chuige oideolaíocha, cás-staidéir ó scoileanna, agus níos déanaí (i ndiaidh 2011), uirlisí féin-iniúchta le haghaidh scoileanna maidir le príomhinniúlachtaí a chomhtháthú i réimsí foghlama. Chomh maith leis sin, rinne Comhairle Taighde Oideachais na Nua-Shéalainne tionscadail forbartha le roinnt scoileanna agus múinteoirí (féach Hipkins et al., Príomhinniúlachtaí don Todhchaí (*Key Competencies for the Future*), 2014). Is fíor nach ndearnadh aon mhapáil shoiléir ar phríomhinniúlachtaí trasna na n-ábhar/réimsí foghlama ar leibhéal an churaclaim, fiú mar threoir.

- Is í an phríomhchonclúid ónbhfianaise áitiúil ná nár tugadh go leor mínithe agus treorach do scoileanna, **cé gur éirigh go han-mhaith le roinnt scoileanna (scoileanna eiseamláire?) ag oibriú leis na príomhinniúlachtaí sna réimsí foghlama agus níos faide i gcéin.**
- Maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh, bheadh ciall ann glacadh leis na ceachtanna atá foghlamtha ag an Nua-Shéalainn féin agus atá intuigthe ina curaclam athnuaite go háirithe maidir le gaol níos dlúithe a chur in iúl idir a réimsí ábhar agus a príomhinniúlachtaí. Tá seasamh níos soiléire glactha aici anois maidir le príomhinniúlachtaí, ar a dtugtar 'comhtháthú', agus tá sí ag tosú ag mapáil ar fud na réimsí ábhair go léir dá samhail nua *Understand-Know-Do* (is é sin obair idir lámha, gan ach samplaí ar fáil ar an suíomh gréasáin). Tá sé fós le feiceáil

cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mapáil seo ar chur chun feidhme príomhinniúlachtaí múinteoirí agus scoileanna. Chomh maith leis sin, i dtéarmaí ailíniú curaclaim le coincheap na príomhinniúlachta a eascraíonn as 'eolas, scileanna, meonta agus luachanna', níl sé soiléir má théann "Déan" (*Do*) i bhfad níos faide ná coincheap na scileanna ábhair, agus mar sin cailleann sé an spreagadh agus nósanna ag cruthú ionchais don fhoghlaim a bhaineann de ghnáth le meonta agus luachanna.

- Trácht dheireanach amháin – sna hiarrachtaí chun comhtháthú a bhaint amach agus chun freastal ar imní faoi eolas, tá an baol ann go gcaillfear uaillmhianta na bpríomhinniúlachtaí mar spriocanna foghlama níos **leithne** agus mar threoshuíomh don todhchaí d'fhoghlaim agus d'oideachas an scoláire. Tiocfaidh mé ar ais go dtí an pointe seo sa chuid deiridh.

## 3.2 Albain

**3.2.1 An Curaclam:** Tugadh isteach Curriculum for Excellence (CfE) san Albain in 2010-2011, ach rinneadh neart comhairliúcháin maidir leis, pléadh é i measc páirtithe leasmhara agus píolótaíodh i scoileanna é ó 2004. Bhí sé d'aidhm ag CfE gach céim den oideachas a chumhdach ó aoiseanna 3-18, oideachas ginearálta (luathbhlianta, oideachas bunscoile agus meánscoile íochtaraí) agus céim shinsearach, a cuireadh chun feidhme in 2013-2015.

Léiríodh leis an gcuraclam nua athrú ón gcuraclam 5-14 bliana níos saintreoraí a bhí ann roimhe sin ar chúpla bealach éagsúil. Bhí sé mar phríomhaidhm aige curaclam níos scoláire-lárnaithe a chruthú. Go sonrach, i dtéarmaí spriocanna foghlama níos leithne, aithníodh sa churaclam forbairt na gceithre 'acmhainneacht' scoláire a meastar go bhfuil ról comhchosúil acu sa churaclam mar phríomhinniúlachtaí.

- **Daoine aonair muiníneacha**
- **Foghlaimeoirí rathúla**
- **Saoránaigh fhreagracha**
- **Rannpháirtithe éifeachtacha**

le tréithe gaolmhara. Tháinig an téarmaíocht roimh úsáid an téarma 'príomhinniúlachtaí', úsáid atá ag méadú. Aithníodh scileanna foghlama, scileanna saoil agus scileanna don obair chomh maith.

Gné eile ab ea an cur in iúl i dtéarmaí torthaí foghlama in ocht réimse ábhair, ar a dtugtar 'taithí agus torthaí' (Enna agus Onna) (.i. *Experiences and Outcomes*), a raibh mar aidhm aige iarracht cur síos a dhéanamh ar an bhfoghlaim inmhianaithe ní hamháin mar thorthaí deiridh (torthaí) ach freisin mar thaithí inmhianaithe na scoláirí chun na torthaí sin a bhaint amach. Ar an iomlán, bhíothas ag súil go dtabharfadh na Enna agus Onna tacaíocht chun na Ceithre hAcmhainneacht a fhorbairt. Tugadh níos mó solúbthachta do scoileanna agus do mhúinteoirí maidir le hinneachar an churaclaim a roghnú agus bhí seasamh ag na múinteoirí mar dhearthóirí curaclaim agus mar ghníomhairí don athrú. Maidir le meastóireacht, rolladh amach córas meastóireachta don fhoghlaim thart ar 2002/2004 cheana féin in Albain, mar sin glacadh leis an gcuraclam nua mar dheis chun curaclam, oideolaíocht agus measúnú a chomhtháthú.

**3.2.2 Conas a d'Éirigh leis:** Tá sraith de cháipéisí treoracha, ar a dtugtar *Ag Tógáil an Churaclaim* 'Building the Curriculum' (1-5) ar fáil ag [Curriculum for Excellence documents | Curriculum for Excellence | Education Scotland].

Le húsáid an téarma 'tógáil' tugtar le fios go mbeadh an curaclam nua mar 'obair idir lámha' agus cuireadh doiciméid bhreise ar an suíomh gréasáin maidir le forbairtí nua (m.sh., creat le haghaidh

measúnuithe in 2011) agus/nó mar fhreagairt ar iarratais ó chleachtóirí le haghaidh níos mó sonraí agus soiléirithe (m.sh., pointí cóimheasa chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt maidir le caighdeáin agus ionchais náisiúnta i ngach réimse foghlama/ábhair ag gach leibhéal in 2017). Go deimhin tá iomadú na ndoiciméad treorach – d'ainneoin an dea-rúin – é féin mar bhacainn ar an gcur chun feidhme, rud a chuireann mearbhall ar dhaoine, agus d'eascair éiginnteacht agus imní i measc cleachtóirí as an iomadú céanna. Chomh maith leis na doiciméid 'oifigiúla' ar shuíomh gréasáin churaclam *Education Scotland*, chuir údaráis áitiúla agus roinnt scoileanna aonair treoir bhreise áitiúil ar fáil (ag cuimhneamh go raibh scoileanna agus múinteoirí ainmnithe mar lucht ceaptha curaclaim). Mar gheall ar an gcáineadh a rinneadh maidir leis an iomadú doiciméadachta, baineadh go leor míreanna ó shuíomh gréasáin *Education Scotland*, cuireadh bosca uirlisí ar fáil chun 'dul i ngleic le maorlathas' (*tackling bureaucracy*), agus eisíodh ráiteas do chleachtóirí ón bPríomhchigire Oideachais (Education Scotland, 2016) chun an staid a shoiléiriú.

Tá fianaise taighde ar dhul chun cinn agus ar thionchar an churaclaim i scoileanna, ar mhúinteoirí agus ar scoláirí ar fáil go príomhúil ó dhá fhoinse – taighde a rinneadh in Ollscoileanna na hAlban (m.sh., an tOllamh Mark Priestley agus a chomhghleacaithe, Ollscoil Stirling, Ollscoil Dhún Éideann) agus tuarascálacha coimisiúnaithe ag Rialtas na hAlban chun tionchar CfE a mheas d'fhonn é a fheabhsú agus spreagtha ag dúshláin bhreise maidir le feabhas ar chur ar ghnóthachtáil agus ar chomhionannas (ECFE, 2015; ECFE, 2021). In 2016, bhunaigh Rialtas na hAlban painéal saineolaithe idirnáisiúnta freisin chun comhairle a thabhairt dóibh maidir le beartas oideachais, an Chomhairle Idirnáisiúnta do Chomhairleoirí Oideachais (ICEA), a bhfuil dhá thuarascáil curtha le chéile acu go dtí seo (Céad Tuarascáil ICEA, 2018; Dara Tuarascáil ICEA, 2020). Tugtar aiseolas tábhachtach freisin i dtuarascálacha an Phríomhchigire maidir le cur chun feidhme an churaclaim nua. Níor beartaíodh aon fhaireachán agus/nó meastóireacht sheachtrach ar rolladh amach CfE ar an leibhéal náisiúnta.

Is cóir a rá, thar an tréimhse ó tugadh isteach CfE, go raibh roinnt tionscnamh beartais eile a raibh tionchar acu ar scoileanna agus ar mhúinteoirí, cuid acu níos ailínithe le haidhmeanna agus spriocanna an churaclaim nua ná cinn eile. Mar shampla, bhí sé i gceist go ndéanfaí ailíniú ar thabhairt isteach na gcáilíochtaí nua (2014/2015) agus go gcuirfí aidhmeanna CfE chun cinn, ach bhí roinnt iarmhairtí neamhbheartaithe ann, agus sa Chreat Náisiúnta Feabhsúcháin in 2016, leagadh béim go príomha ar ghnóthachtáil sa litearthacht agus san uimhearthacht a fheabhsú (i ndiaidh fhoilsiú na dtorthaí díomácha PISA in 2015). Chomh fada agus is féidir, díreofar sa phlé a leanas ar na Ceithre hAcmhainneacht, mar gurb é sin mórphointe na tuarascála seo, ach chun tuiscint níos fearr a thabhairt ar an scéal, ní mór aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna eile chomh maith. Tá cuntas níos iomláine ar na hidirghníomhaíochtaí idir na forbairtí seo i gcomhthéacs achtú curaclaim in Albain ar fáil in Hume agus Priestly (2021).

**Léargais luatha:** Tháinig léargas luath amháin maidir leis an gcaoi ar glacadh le CfE i scoileanna as agallaimh taighde agus suirbhéanna ar líne le múinteoirí bunscoile agus meánscoile, roinnt príomhoidí scoile agus ionadaithe ó údaráis áitiúla (Priestley agus Minty, 2013). **Rinneadh an taighde sin in 2011.** Ba iad seo a leanas na príomhthorthaí:

- Bhí rannpháirtíocht fhorleathan i measc na múinteoirí maidir le hoideolaíocht agus measúnú. Tugadh rátaí athraitheacha dul chun cinn faoi deara, agus bhí na daoine siúd a rinne tionscadail phíolótacha níos 'réidhe' le tosú, ach ní raibh daoine eile ach tosaithe ar an doiciméadacht a léamh. Bhí an éagsúlacht sin le feiceáil idir scoileanna agus freisin idir ranna sna scoileanna céanna.
- Maidir le hathruithe cleachtais atá ag teacht chun cinn, spreagadh múinteoirí leis an gcuraclam nua chun machnamh a dhéanamh ar an teagasc a bhí déanta acu go dtí sin agus a bheith níos oscailte rudaí nua a thriail, lena n-áirítear modhanna níos gníomhaí foghlama agus foirmeacha níos nuaí measúnaithe. Chun triail a bhaint as an méid sin, labhair múinteoirí faoi mhuinín agus tacaíocht a bheith ag teastáil uathu ionas nach "bhfillfidís ar na seanbhealaí", mar a dúirt múinteoir amháin (lch. 45).
- B'fhéidir gurbh é an toradh ba shuntasaí ná an tábhacht a bhaineann le creidimh agus tuiscint an mhúinteora maidir le CfE. Rinne Priestley agus Minty idirdhealú idir "rannpháirtíocht den chéad ord" agus "rannpháirtíocht den dara hord" i dtaobh dearcthaí maidir leis an gcuraclam. Maidir le rannpháirtíocht den chéad ord, d'fhreagair múinteoirí go dearfach do na moltaí agus bhraith siad go raibh siad comhsheasmhach lena dtuairimí ar oideachas; cheap siad go raibh na Ceithre hAcmhainneacht mar "chrúcaí" iontacha chun aird na scoláirí a mhealladh agus mar sin de. Ar leibhéal níos doimhne, bhí tuairimí difriúla ag múinteoirí (go minic intuigthe agus ar éigean a chuir siad in iúl) maidir le heilimintí lárnacha an churaclaim nua. An cur chuige nua a bhí ann i leith an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe, nó an cur chuige difriúil a bhí ann i leith inneachar ábhair freisin? Mar sin d'fhéadfadh fealsúnacht an churaclaim a bheith i gcoimhlint le creideamh múinteoirí ar bhealaí éagsúla – mar gheall ar chreidimh maidir le cineál na foghlama (tuilleadh creidimh tarchurtha) nó maidir le tábhacht eolas ábhair (an iomarca solúbthachta agus rogha).
- Bhí teannais eile mar thoradh ar na léirmhínithe éagsúla sin, idir foghlaim idirdhisciplíneach agus speisialtóirí ábhar agus idir tábhacht an eolais agus na scileanna sa churaclam. Cé go raibh d'aidhm ag an gcuraclam nua teorainneacha idir réimsí eolais a bhriseadh agus naisc thraschuraclaim a spreagadh – agus bhí roinnt múinteoirí sásta an méid sin a ghlacadh – bhí daoine eile (mionlach de mhúinteoirí meánscoile) ina choinne agus mheas siad go raibh sé ina

'bhagairt' dá gcuid ábhar féin, nó go raibh sé neamhsheasmhach le scoláirí a ullmhú chun pas a fháil sna scrúduithe.

- Maidir le heolas agus scileanna, bhí an dearcadh ag roinnt múinteoirí, múinteoirí bunscoile agus meánscoile araon, go raibh scileanna á gcur chun cinn sa churaclam in áit an eolais. De ghnáth cuireadh daoine a raibh tuairimí níos tarchurtha acu ar fhoghlaim agus eolas na tuairimí sin in iúl, ach ní i gcónaí. Fiú iad siúd a bhí dearfach faoi athruithe go ginearálta, bhí imní orthu freisin go raibh an fhoghlaim ghníomhach agus torthaí próisis (ó na Enna agus Onna) tar éis tionchar ró-láidir a bheith acu, rud a fhágfadh go ndéanfaí faillí i bhfoghlaim inneachair. Bhí imní ar mhúinteoirí meánscoile go háirithe go raibh saineolas ábhair á "éascú", agus go gcuirfeadh sin gnóthachtáil na scoláirí ardchumais i mbaol.
- Ar deireadh, bhí imní ar mhúinteoirí ar gach leibhéal faoin measúnú agus faoi na hathruithe a beartaíodh do na Cáilíochtaí Náisiúnta, a bhí le cur chun feidhme in 2014. Bhí imní agus roinnt tuairimí míchearta ann freisin, mar shampla, go dtógfadh measúnú foirmitheach áit an mheasúnaithe shuimithigh sa churaclam nua. Chomh maith leis sin, measadh go raibh na leibhéil CfE (caighdeáin) ró-leathan agus doiléir le bheith fiúntach, agus bhí imní ar mhúinteoirí a bhí ag déanamh tionscadail idirdhisciplíneacha faoin gcaoi le measúnú a dhéanamh orthu.
- Ba í an phríomhchonclúid ón taighde luath sin ná gan an pictiúr dearfach a d'eascair as rannpháirtíocht den chéad scoth a ghlacadh ina iomláine, agus an gá do mhúinteoirí dul i ngleic ar leibhéal níos doimhne le croí-smaointe CfE, agus tacaíocht a fháil ach míniú níos soiléire beartais a thairiscint, chomh maith le próisis rannpháirtíochta níos soiléire agus níos mionsonraithe.

Cé go raibh an cur chun feidhme fós sna laethanta tosaigh nuair a cuireadh an taighde sin i gcrích, bhí sé fáidhiúil i dtéarmaí na ndúshlán a bheadh le sárú ag CfE a aithint, mar shampla, an easpa sainiúlachta sna Enna agus Onna, imní faoi athruithe ar mheasúnú, agus an gaol idir scileanna agus eolas sa churaclam – sa mhéid gur cosúil gur cailleadh cuspóirí na gCeithre hAcmhainneacht mar spriocanna foghlama níos leithne sa phlé, ar a laghad ón bpictiúr a tháinig chun cinn sa phíosa taighde seo.

Ina léirmheas ar CfE, cháin Priestley agus Minty (2013) teannais fhéideartha i dtéarmaí comhleanúnachas struchtúrach an churaclaim sa mhéid is go soláthraítear dhá phointe tosaigh mhalartacha leis le haghaidh pleanáil curaclaim scoilbhunaithe – na Ceithre hAcmhainneacht, a bheadh, dar leis an méid a thugann CfE le tuiscint, ina léirmhíniú níos radacaí ar an gcuraclam mar rud nua agus úr – nó an Taithí agus na Torthaí, ar dóichí go leanfar de na cleachtais atá ann cheana féin dá bharr. Sna céimeanna tosaigh sin ba chosúil go raibh na Enna agus na Onna chun tosaigh mar phointe pleanála. Mar sin féin, i dtionscadal forbartha curaclaim ina dhiaidh sin le múinteoirí (Drew, Priestley

agus Michael, 2016), ina mbaintear úsáid as an modh fiosrúchán gairmiúil comhoibríoch criticiúil, nuair a tugadh níos mó ama agus spáis do mhúinteoirí chun dul i ngleic níos doimhne le prionsabail CfE, tháinig pictiúr éagsúil chun cinn. Thuairiscigh múinteoirí a ghlac páirt sa tionscadal sin an fuinneamh cruthaitheach a scaoiltear trí fhilleadh ar bhunphrionsabail maidir le "céard a bhí i gceist leis an gcuraclam, na smaointe móra, na Ceithre hAcmhainneacht", agus trí bhreathnú ar an gcuraclam ó "phrionsabail ceaptha, bunús an churaclaim, seachas na Enna agus na Onna". Thuairiscigh siad gur athnuaigh sé a mbealaí smaointeoireachta agus gur thug sé deis dóibh a bheith níos nuálaí agus níos mó féidearthachtaí a bhreithniú. Mar thoradh air sin, thuairiscigh na scoileanna rannpháirteacha roinnt athruithe ar a bpróisis phleanála nó ar a laghad a bheith páirteach i gcomhphlé níos mó maidir le féidearthachtaí.

Go hachomair, léiríonn na léargais luatha seo ó thionchar CfE ar scoileanna nach dtarlaíonn go huathoibríoch athdhíriú curaclaim i dtreo príomhinniúlachtaí/ceithre hacmhainneacht agus na féidearthachtaí maidir le cineálacha cur chuige nua i gceapadh curaclaim, athruithe gaolmhara ar chleachtais seomra ranga agus foghlaim fheabhsaithe scoláirí, fiú nuair a chuirtear fáilte roimh churaclam nua. Ní haon ionadh é go dtosaíonn scoileanna agus múinteoirí ón méid atá ar eolas acu agus a dhéanann siad cheana féin, agus go ndéanann siad forbairtí curaclaim a chomhshamhlú ina gcreidimh agus ina gcleachtais reatha. Gan deiseanna le haghaidh tuisceana níos doimhne a chothú, d'fhéadfadh na deiseanna atá beartaithe a thabhairt de bharr forbairtí nua sa churaclam a bheith caillte i measc dúshláin eile. Mar a fheicfimid ó na hathbhreithnithe idirnáisiúnta sna chéad ranna eile, bhí na rudaí sin fós le feiceáil i dtaithí na hAlban.

**Athbhreithnithe ECFE agus Tuarascálacha Painéil Idirnáisiúnta 2015-2022:** Tá dhá thuarascáil ECFE coimisiúnaithe ag Rialtas na hAlban chun dul chun cinn CfE a mheas d'fhonn é a fheabhsú agus spreagtha ag dúshláin bhreise maidir le feabhas ar chur ar ghnóthachtáil agus ar chomhionannas (ECFE, 2015; ECFE, 2021). Painéil saineolaithe a rinne an dá athbhreithniú, agus is éard atá iontu ná taighde deasc-bhunaithe ar dhoiciméid bheartais, doiciméid churaclaim agus aon taighde ábhartha eile, cuairt ón bpainéal saineolaithe ina raibh plé le páirtithe leasmhara ábhartha, chomh maith le cuairteanna ar scoileanna. In 2016, bhunaigh Rialtas na hAlban painéal saineolaithe idirnáisiúnta freisin chun comhairle a thabhairt dóibh maidir le beartas oideachais ar leibhéal níos ginearálta, an Chomhairle Idirnáisiúnta do Chomhairleoirí Oideachais (ICEA), a bhfuil dhá thuarascáil curtha le chéile acu go dtí seo (Céad Tuarascáil ICEA, 2018; Dara Tuarascáil ICEA, 2020). Mar a bheifí ag súil leis, cumhdaítear ábhar an-chosúil leis na ceithre thuarascáil sin, cé is moite den dara tuarascáil ó ICEA ina ndírítear go príomha ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 ar scoileanna agus ar fhoghlaim páistí, mar sin díreoidh mé go príomha ar mholtaí sna tuarascálacha ECFE agus sa chéad tuarascáil ICEA.

Tá réimse leathan moltaí sna tuarascálacha sin, ina dtagraítear do shaincheisteanna curaclaim ar leith chomh maith le hailínithe, bainistíocht agus freagrachtaí níos leithne a bhaineann leis an gcóras. Díreoidh mé ar bhreathnuithe agus ar mholtaí a bhaineann leis na Ceithre hAcmhainneacht agus ar na hidirghníomhaíochtaí eatarthu agus pleanáil scoile, teagasc, foghlaim agus measúnuithe, mar go bhfuil siad níos lárnaí do chuspóirí na tuarascála reatha.

- Léirítear neart spéise in uaillmhianta CfE sna tuarascálacha go léir, agus aithnítear go bhfuil chur chuige iomlánaíoch ag CfE maidir le foghlaim agus forbairt an scoláire. Tuairiscítear sna tuarascálacha go moltar CfE go hidirnáisiúnta toisc go bhfuil **curaclam uaillmhianach forásach á chur chun cinn** acu ina mbreathnaítear chun tosaigh agus lena dtugtar stiúradh do dhlínsí eile. Luadh i dtuarascáil ECFE (2015) go raibh sé "An-dúshlánach chun leanúint de bheith uaillmhianach agus cur leis an méid a baineadh amach ar bhealach atá chomh mealltach céanna don phobal agus atá sé do ghairmithe oideachais" (ECFE, 2015). Sa chéad tuarascáil ICEA (2018) tugadh foláireamh go bhféadfadh sé go mbeadh níos lú infheictheachta ag bunaidhmeanna CfE i bhfianaise riachtanais bheartais eile ón gCreat Feabhsúcháin Náisiúnta (béim ar litearthacht, uimhearthacht agus an bhearna ghnóthachtála a dhúnadh).
- Bhí treocht chomhsheasmhach ar fud na dtuarascálacha maidir le soiléiriú sainmhínithe agus athnuachan ar an bhfís a éileamh. Mar shampla, thug ECFE (2015) faoi deara go raibh mearbhall fós ann maidir leis na tuairimí a bhí ag daoine ar CfE, agus má smaoiníodh go príomha air mar athchóiriú córais nó go sonrach air mar athchóiriú curaclaim a mbeadh iarmhairtí aige ar oideolaíocht agus ar mheasúnú. Thug siad faoi deara go raibh gá le tuilleadh soiléirithe maidir leis an **gcaoi ar bhain na Ceithre hAcmhainneacht leis na Enna agus Onna** agus mhol siad "insint nua ar CfE" a chruthú (a foilsíodh in 2019, [Scotland's Curriculum for Excellence (scotlandscurriculum.scot)](scotlandscurriculum.scot)). Iarradh freisin i gcéad tuarascáil ICEA go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar scileanna agus ar thréithe na gCeithre hAcmhainneacht. Chuaigh ECFE (2021) níos faide agus moladh d'Albain machnamh a dhéanamh ar roinnt de ghnéithe lárnacha an churaclaim agus na himpleachtaí a bhíonn acu ar an gcleachtas a thabhairt cothrom le dáta, agus forbairtí oideachais agus plé teoiriciúil níos déanaí á gcur san áireamh. Díríonn siad go háirithe ar obair agus ar tháirgí an Chompáis Foghlama ECFE, ar phlé maidir le **príomhinniúlachtaí agus ról an eolais**. Moladh freisin **táscairí a shainiú chun cabhrú le tuiscint a fháil ar dhul chun cinn na scoláirí trasna gach ceann de na Ceithre hAcmhainneacht**, ag déanamh athrá ar an moladh ó chéad tuarascáil ECFE maidir le sraith méadrachta níos leithne a bheadh ailínithe níos iomláine leis na hacmhainneachtaí.
- Thug ECFE (2015) faoi deara an t-iomadú doiciméad treorach dá dtagraítear i gcuid níos luaithe, agus d'iarr sé go mbeadh simplíocht agus soiléireacht ann. Mar thoradh ar an moladh

sin, cuireadh Ráiteas le haghaidh Cleachtóirí le chéile sa Ráiteas ón bPríomhchigire Oideachais (2016), [Curriculum for Excellence - A Statement for Practitioners from HM Chief Inspector of Education (August 2016)] agus cuireadh na pointí cóimheasa leis an suíomh gréasáin in 2017.

- Tá roinnt moltaí déanta faoin ngá atá le **cur chun feidhme a dhíriú ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim ar bhealach níos dlúithe.** Mar shampla, thug ECFE (2015) faoi deara nár mhór bogadh ar aghaidh ó bhainistíocht córais i dtreo "dinimic nua níos gaire don teagasc agus don fhoghlaim" (lch. 10, achoimre feidhmiúcháin). Tugadh cur chun feidhme ar luasanna athraitheacha ar fud scoileanna agus údaráis áitiúla faoi deara, agus moladh "an lár a neartú", ag iarraidh gréasáin agus comhoibrithe ar fud na scoileanna agus ar fud na n-údarás áitiúil (ina dhiaidh sin, cruthaíodh 6 Chomhoibriú Feabhsúcháin Réigiúnacha in 2018). Iarradh i dtuarascáil ECFE (2021) go mbeadh níos mó ama tiomnaithe chun cabhrú le CfE ar leibhéal na scoile, ag tacú le múinteoirí le pleanáil curaclaim, faireachán a dhéanamh ar mheasúnú agus modhnóireacht ar thorthaí measúnaithe. Ar leibhéal níos ginearálta, léiríodh sa tuarascáil an gá atá le cumas curaclaim a thógáil go leanúnach ar leibhéil éagsúla sa chóras, ag baint úsáid as taighde chun tacú le ceapadh curaclaim timpeall scoileanna, ag malartú comhoibrithe idir cleachtóirí, rudaí nua a thástáil, agus comhoibriú idir scoileanna agus ollscoileanna.
- Go sonrach maidir le h**aistrithe idir céimeanna éagsúla oideachais**, sa dara tuarascáil ECFE tugadh faoi deara neamhleanúnachas idir dul chun cinn CfE sa chéim den Oideachas Ginearálta Leathan (luathbhlianta, oideachas bunscoile agus meánscoile íochtaraí) agus le linn na Céime Sinsearaí. Tríd is tríd, ba í conclúid na tuarascála go meastar go bhfuil rath níos fearr ar CfE sna céimeanna níos luaithe ná sa Chéim Shinsearach. Baineann dhá mholadh leis an aistriú. Sa chéad cheann, aithníodh an gá atá le "chomh-bhonn eolais, scileanna agus dearcthaí a chomhdhlúthú faoi dheireadh BGE", ionas gur féidir le scoláirí dul ar aghaidh gan stró go dtí an Chéim Shinsearach agus na roghanna a thairgtear léi. D'iarr an dara moladh go ndéanfaí oiriúnuithe ar an gCéim Shinsearach "chun teacht le fís CfE" – oiriúnú do chleachtais oideolaíocha agus mheasúnaithe araon agus do struchtúr conairí foghlama araon chun tacú le forbairt leanúnach na gCeithre hAcmhainneacht (ECFE, 2021, moltaí san achoimre feidhmiúcháin). Féach thíos le haghaidh forbairt le déanaí ar cháilíochtaí agus ar mheasúnú na céime sinsearaí.
- Baineann moltaí ó na tuarascálacha go léir leis an ngá atá le timthriall athbhreithnithe níos córasaí le tréimhse phleanáilte, le clár oibre athbhreithnithe ar leith, agus cur chuige fadtéarmach a ghlacadh maidir le cur chun feidhme.
- Mar fhocal scoir, agus is fiú a thabhairt faoi deara – sa dara tuarascáil ICEA (2020) díríodh ar dhúshláin a cuireadh roimh scoileanna agus ar bhealaí foghlama de bharr phaindéim COVID,

go háirithe faoin ngá atá le fócas méadaithe ar inniúlacht dhigiteach, ar fhoghlaim fhéintreoraithe, agus ar an gcumas teagasc lasmuigh, b'fhéidir ag tagairt do sholúbthacht fhéideartha in úsáid spáis fhisiciúil agus thailte na scoile.

**Forbairtí le déanaí maidir le cáilíochtaí, Meitheamh 2023:** Tar éis na moltaí ó thuarascáil ECFE (2021) le haghaidh ailíniú níos fearr idir na luathchéimeanna oideachais agus an Chéim Shinsearach, molann an tAthbhreithniú Neamhspleách ar Cháilíochtaí agus Measúnacht (Meitheamh 2023, Tuarascáil Hayward) go gcruthófaí ardteistiméireacht scoile nua, Dioplóma Gnóthachtála na hAlban, lena n-áireofar trí shnáithe – clár foghlama (cáilíochtaí ar dóigh dóibh), foghlaim thionscadail (léiriú foghlama trasna ábhar), agus conair phearsanta (scéal pearsanta foghlama). Síneann an tréimhse cur chun feidhme ó 2024-2032 (níl sé ina bheartas rialtais go fóill).

### 3.2.3 Tráchtaireacht maidir le *Curriculum for Excellence* na hAlban

Roinnt príomhphointí a ghabhann le fócas na tuarascála seo maidir leis na 'ceachtanna a foghlaimíodh':

- Cé gur aithníodh na Ceithre hAcmhainneacht mar "chuspóirí" an churaclaim nua agus lárnach d'uaillmhianta scoláire-lárnaithe an churaclaim, ní dhearnadh go leor forbartha orthu go teoiriciúil agus ní dhearnadh dóthain forbartha ná mínithe orthu riamh chun an tionchar cumhachtach oideachais a beartaíodh i dtosach a bhaint amach, fiú amháin tar éis na tuairisce athnuaite CfE. Coincheapadh - agus ainmníodh - iad sular cuireadh sainmhínithe teoiriciúla maidir le príomhinniúlachtaí i bhfeidhm, agus roimh na díospóireachtaí maidir leo, agus seans nach raibh baint acu leis na díospóireachtaí sin go dtí le déanaí.
- Mar thoradh air sin, bhí an-chuid i gcoitinne ag an gcur chuige a beartaíodh leis an gcur chuige 'ainmnigh i ndóchas' (*name and hope*) agus úsáideadh na Ceithre hAcmhainneacht mar aidhmeanna ginearálta do theagasc ábhair seachas mar mhionphleanáil. Deir ráitis ar shuíomh gréasáin CfE ina dtugtar breac-chuntas ar an ngaol idir na Ceithre hAcmhainneacht agus an Taithí agus Torthaí do gach réimse foghlama go *"gCuireann an taithí agus na torthaí do gach réimse curaclaim leis na tréithe agus na cumais go léir agus mar sin forbraítear na ceithre hacmhainneacht."* Mar sin féin, ní dhéantar aon tagairt shainráite do na Ceithre hAcmhainneacht ná aon chlibeáil chun na naisc ionchasacha a thaispeáint leis na Enna (an taithí) agus na Onna (na torthaí).
- Níor socraíodh aon mheastóireacht ná faireachán neamhspleách náisiúnta ar rolladh amach an churaclaim, agus líonadh an bhearna seo den chuid is mó nuair a cruthaíodh painéil saineolaithe. Mar sin, is éard atá sa bhonn fianaise den chuid is mó ná tuarascálacha taighde acadúla ar scála níos lú ina léirítear spéiseanna agus topaicí taighde sonracha, mar aon le

hathbhreithnithe idirnáisiúnta, painéil agus mar sin de. Mar sin bíonn sé deacair ar údaráis churaclaim tuiscint mhaith a fháil ar an scéal iomlán. Tugadh an bhearna seo faoi deara sa dá thuarascáil ECFE agus moladh athbhreithniú níos córasaí agus níos timthriallaí a dhéanamh ar an gcuraclam agus nach mór eolas neamhspleách a chruthú.

- Mar sin féin, tháinig fianaise taighde chomhsheasmhach chun solais maidir leis an tábhacht a bhaineann le ham agus spás a thabhairt do scoileanna agus do mhúinteoirí chun ciall a dhéanamh as na smaointe agus cleachtais níos nuaí agus chun go ndéanfaidh siad "rannpháirtíocht den dara hord" leo, agus an tábhacht a bhaineann le gréasáin scoileanna a chruthú d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí, mar shampla, na Comhpháirtíochtaí Comhoibritheacha Réigiúnacha. B'fhéidir gur réiteach níos fearr é sin in áit iomadú treorach a eisiúint, rud a chuir níos mó mearbhaill ar dhaoine seachas a mhalairt.
- In ainneoin chastacht na n-athruithe curaclaim agus measúnaithe, tosaíochtaí beartais athraitheacha, agus na comhairle iomarcaí a thagann ó thuarascálacha agus ó phainéil, tá teacht aniar mór léirithe ag oideachas na hAlban agus é sa tóir ar fhís agus rún oideachais níos iomlánaíoch CfE a bhaint amach, ina n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le hailínithe measúnaithe, mar is léir ó na tuarascálacha le déanaí maidir le hathruithe molta ar cháilíochtaí náisiúnta agus ar theastasú ardteistiméireachta. Chomh maith leis sin, aithnítear go soiléir sna moltaí an t-am is dócha a ghlacfaidh an méid sin a bhaint amach.

### 3.3 British Columbia

**3.3.1 An Curaclam:** In British Columbia, cúige in iarthar Cheanada, tugadh isteach socruithe athcheaptha curaclaim agus measúnaithe agus cuireadh chun feidhme go céimneach iad ó 2016 (luathbhlianta, oideachas bunscoile agus meánscoile íochtaraí) go 2019 (oideachas meánscoile sinsearaí agus clár céime). Bhí an coincheap den "saoránach oilte" a fógraíodh in Acht Oideachais ag deireadh na 1980idí mar phríomhaidhm an oideachais do scoileanna in British Columbia, bhí sé mar inspioráid an churaclaim nua. Sular cuireadh chun feidhme é, rinneadh cuid mhaith comhairliúcháin agus chuathas i gcomhar le grúpaí páirtithe leasmhara, lena n-áirítear grúpaí múinteoirí a chomhchruthaigh cuid den inneachar níos mionsonraithe. Sainaithnítear an curaclam mar churaclam **bunaithe ar choincheapa** agus **inniúlachta**, a cruthaíodh chun aghaidh a thabhairt ar an gcáineadh a rinneadh ar chur chuige na bpríomhinniúlachtaí ní ba luaithe trí ábhar inneachair agus inniúlachtaí a thabhairt le chéile ón tús. Cuireadh cuid mhaith oibre forbartha i gcrích ina dtaispeántar na naisc idir na gnéithe curaclaim éagsúla agus is féidir teacht ar an obair sin go héasca ar shuíomh idirlín an churaclaim, Curriculum Redesign | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

Aithnítear go bhfuil tábhacht le trí **Chroí-Inniúlacht** thar gach réimse den churaclam, leis na snáitheanna seo a leanas:

- **Cumarsáid** (cumarsáid; comhar)
- **Smaointeoireacht** (smaointeoireacht chruthaitheach; chriticiúil agus mhachnamhach)
- **Freagracht Phearsanta agus Shóisialta** (feasacht and freagracht phearsanta; feasacht agus freagracht shóisialta; féiniúlacht dhearfach phearsanta agus chultúrtha)

Tá go leor sonraí agus míniú ann maidir le gach ceann de na croí-inniúlachtaí agus déantar cur síos ar thréithe (gnéithe), próifílí do leibhéil éagsúla gráid, agus naisc dhóchúla idir na croí-inniúlachtaí, féach an sampla maidir le smaointeoireacht chruthaitheach, Creative Thinking | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

Athcheapadh an curaclam do gach réimse ábhair timpeall ar shamhail ***Know-Do-Understand***, áit a dtagraíonn ***"Know"*** do na topaicí agus don eolas atá le foghlaim ag gach leibhéal gráid, a dtagraíonn ***"Do"*** d'inniúlachtaí curaclaim atá níos sonraí don ábhar ach atá nasctha leis na Croí-inniúlachtaí, agus a dtagraíonn ***"Understand"*** do na Smaointe Móra, do choincheapa nó do phrionsabail ba cheart do scoláirí a thuiscint ag deireadh leibhéal gráid agus a chuireann le foghlaim amach anseo. Léirítear príomhghnéithe an churaclaim sa treoirleabhar treoshuímh a ghabhann le Curaclam Athcheaptha BC BC's Redesigned Curriculum (gov.bc.ca) Athdhéantar an ghrafaic ina dtaispeántar an gaol idir gnéithe éagsúla an churaclaim do gach leibhéal gráid agus do gach réimse ábhair ar an suíomh gréasáin. Tá 'tuairimí leanúnacha' ar na Smaointe Móra, Inneachar agus Inniúlachtaí Curaclaim ar fáil ar an suíomh

gréasáin freisin trasna na leibhéal gráid do gach réimse ábhair, go bunúsach ag mapáil ionchais agus dul chun cinn san fhoghlaim don churaclam iomlán, féach nasc Continuous Views | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca).

Gné thábhachtach eile den churaclam nua is ea Peirspictíochtaí agus Eolas na mBundúchasach a chuimsiú, lena n-aithnítear éagsúlacht stairiúil agus chultúrtha an stáit, agus Prionsabail Foghlama na gCéad Daoine.

In éineacht leis na comhairliúcháin maidir leis an gcuraclam athcheaptha, cuireadh tús le plé maidir le hathruithe ar na riachtanais chéimithe do scoláirí ar fud an chúige (Dioplóma Dogwood). Sa chás go ndearna scoláirí cúig scrúdú cúige thar na trí bliana deiridh den scoil shinsearach, ní mór dóibh anois trí mheasúnú cúige a dhéanamh, dhá cheann sa litearthacht agus ceann amháin sa mhatamaitic. Chomh maith leis na hathruithe seo ar fud an chúige, áiríodh Aonad Gairmeacha agus aonad Ceangail Saoil-Gairme i dteastasú céime British Columbia, lena n-áirítear buaic-thionscadal agus machnamh punainne ar thaithí na scoláirí agus ar fhás a bpríomhinniúlachtaí.

https://curriculum.gov.bc.ca/sites/curriculum.gov.bc.ca/files/curriculum/career-education/en_career-education_10-12_career-education-guide.pd

**3.3.2 Conas a d'Éirigh leis:** Mar gheall ar a dhéanaí agus ar chineál céimnithe rolladh amach an churaclaim, go dtí seo, is tearc an fhianaise taighde atá ann maidir le dul chun cinn agus tionchar. Sa litríocht atá ann, de ghnáth dírítear ar na próisis agus na modhanna inar ceapadh agus inar cruthaíodh an curaclam, ar ról na hAireachta Oideachais, ar thábhacht na bpríomhphearsanra, ar rannpháirtíocht múinteoirí mar chomh-cheapadóirí, agus ar na dúshláin a d'eascair as droch-chaidreamh a bhí ann roimhe idir an Aireacht Oideachais agus Cónaidhm Múinteoirí BC (ceardchumann na múinteoirí), féach, mar shampla, ar chomhrá le Rod Allen, duine de phríomhcheapadóirí an churaclaim, https://www.edweek.org/leadership/opinion-british-columbias-curriculum-a-glimpse-of-the-future/2018/06

Bainfidh mé leas, áfach, as dhá fhoinse fianaise chórasacha a thugann roinnt léargas ar an gcaoi a gcuirtear fáilte roimh an gcuraclam nua ó thaobh dearcthaí seachtracha de agus ó thaobh scoileanna agus múinteoirí áitiúla de araon. Tá an-chuid aird idirnáisiúnta á tarraingt ar churaclam nua BC agus roghnaíodh é mar chás-staidéar ar churaclam a thacaíonn le 'forbairt iomlánaíoch scoláire' ag an Ionad um Oideachas Uilíoch in Institiúid Brookings (Peterson, 2023). Is éard atá sna sonraí don chás-staidéar cuairteanna ar British Columbia idir 2013 agus 2019, le linn na céime ceaptha agus cur chun feidhme luath, áit ar cuireadh os cionn 100 agallamh ar mhúinteoirí, ar phríomhoidí, ar oifigigh aireachta, ar scoláirí, agus ar roinnt tuismitheoirí, lena n-áirítear roinnt athagallamh in 2020 agus 2022. Tagann an fhoinse sonraí eile ó shuirbhéanna ar mhúinteoirí a rinne Cónaidhm Múinteoirí BC maidir lena

dtaithí ar chur chun feidhme an churaclaim go dtí seo (BCTF, 2019). Tá sé ar intinn acu na suirbhéanna sin a dhéanamh arís thar cúig bliana. Ag an gcéim thosaigh seo den chur chun feidhme, léirítear le sonraí an chás-staidéir pictiúr níos dearfaí ar an gcaoi a bhfuil an curaclam á leabú i gcomparáid leis na sonraí ó shuirbhé na múinteoirí.

Príomhtheachtaireachtaí agus príomhthorthaí ó chás-staidéar na hInstitiúide Brookings:

- Cosúil le go leor tráchtaireachtaí ar an gcuraclam BC, tarraingíonn an cás-staidéar aird ar na buntáistí dearfacha a bhaineann le rannpháirtíocht leathan agus leanúnach a chothú le páirtithe leasmhara, agus ar chineál comhoibríoch an chomh-cheaptha le múinteoirí, fiú i bhfianaise ghníomhaíocht stailce na múinteoirí níos luaithe (nach mbaineann go díreach leis an gcuraclam, ach bhí tionchar aici ar a fhorbairt).
- Rinneadh pointe tábhachtach maidir le húsáid teanga chun cur síos a dhéanamh ar cheapadh agus ar rolladh amach an churaclaim athcheaptha. Dúradh go gcuireadh “cosc” ar fhocail áirithe ón léacsacan beartais, amhail “píolótach” agus “cur chun feidhme”, toisc gur measadh gur chuir siad cur chuige ón mbarr anuas in iúl ar bhealach ró-láidir maidir le hathcheapadh curaclaim. Ina ionad sin, ba é an smaoineamh go léireofaí an curaclam nua i réimse leathan comhthéacsanna foghlama, ceaptha chun freastal ar riachtanais an fhoghlaimeora. B’fhearr an téarma “cruthú” chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas ná “cur chun feidhme”. Tugadh faoi deara sa chás-staidéar, áfach, go gcuireann an modh smaointeoireachta sin freagracht ar leith ar scoileanna agus ar mhúinteoirí mar cheapadóirí cleachtais nua. Ina theannta sin, dhiúltaigh lucht an athchóirithe an smaoineamh a bhí ann maidir le “scálú” a úsáid mar shamhail roinnte, b’fhearr leo an smaoineamh maidir le cur chuige “scaipthe sóisialta”, lena mbraitear ar ghréasáin láidre múinteoirí atá ann cheana féin chun cleachtas nuálach a scaipeadh. Agus cuireadh roinnt maoinithe ar fáil ón Aireacht Oideachais chun tacú le Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta K12.
- Sa chás-staidéar, tuairiscítear tionchar an churaclaim nua ar shaol laethúil na scoileanna agus na seomraí ranga, agus tá an oideolaíocht ag teacht níos mó anois le forbairt na gcroí-inniúlachtaí, mar shampla, foghlaim ar bhonn fiosraithe agus obair thionscadail scaipthe thar tréimhse ama níos faide.
- Mheas na rannpháirtithe sa chás-staidéar gur éirigh níos fearr leis an gcuraclam sna bunscoileanna ná sna meánscoileanna. Cé go raibh an t-athrú de réir a chéile i mbunscoileanna bhí sé níos forleithne, agus bhain formhór na mbunscoileanna úsáid as na croí-inniúlachtaí. Léirigh meánscoileanna níos mó frustrachais maidir le luas mall an athraithe. Chomh maith leis sin, i roinnt scoileanna, tháinig iarmhairtí neamhbheartaithe chun cinn i rogha cúrsaí na scoláirí, nuair a mheall dearadh cúrsaí níos nuálaí níos lú scoláirí, agus mar sin

bhí sé deacair iad choimeád ag gabháil, nó measadh go raibh stádas níos lú acu. Mar sin féin, ba chosúil gur dheimhnigh tionchar COVID an tábhacht a bhaineann le croí-inniúlachtaí fiú sna meánscoileanna agus sna céimeanna sinsearacha.

- Smaoiníodh ar mheasúnú go fóill mar "ghnó neamhchríochnaithe", le tuairimí éagsúla maidir le cé acu ar cheart croí-inniúlachtaí a mheasúnú go suimitheach nó nár cheart. Faoi láthair, cuireann múinteoirí tuairimí ar fáil ar "chárta tuairisce" nua agus is féidir le scoláirí féinmheasúnú a dhéanamh, ach is í an imní atá ann, mura ndéantar faireachán ach ar litearthacht agus uimhearthacht amháin ar fud an chúige, nach féidir na croí-inniúlachtaí a mheas mar "chroí-" inniúlachtaí.
- Ó 2022, thacaigh na tuismitheoirí agus na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh leis an gcuraclam agus leis na socruithe nua céime, agus d'fháiltigh go leor acu na cúrsaí nua a bhfuil creidiúint ag baint leo ar Pheirspictíochtaí na mBundúchasach, ag tabhairt faoi deara go raibh go leor scoileanna á múineadh cheana féin roimh an riachtanas foirmiúil. Tá tionchar iomlán na n-athruithe maidir le teastasú céime fós le feiceáil.

Ag casadh anois ar shuirbhé BCTF 2019, léirítear pictiúr níos staitistiúla sna torthaí, ina léirítear na dúshláin agus na héilimh a bhaineann le rolladh amach an churaclaim nua ar ualach oibre múinteoirí, an gá atá acu le tuilleadh acmhainní, agus frustrachas maidir leis an easpa soiléireachta agus ailínithe idir nósanna imeachta curaclaim agus measúnaithe/tuairiscithe (nár tugadh chun críche ag an gcéim sin). Go sonrach-

- Cé gur bhraith formhór na múinteoirí (76%) go bhfeiceann a gceannairí scoile an t-athcheapadh curaclaim mar phróiseas, níor thuairiscigh ach 34% de na múinteoirí go raibh deiseanna acu an curaclam nua a phlé le comhghleacaithe – i bhfocail eile, bhí níos mó ama agus spáis ag teastáil.
- Maidir le rannpháirtíocht, dúirt thart ar thrí cheathrú (74%) go raibh siad ag baint úsáid as an gcuraclam nua 'go léir' nó 'an chuid is mó den am', ach bhí leibhéal na tacaíochta don churaclam beagán níos ísle.
- Maidir le hacmhainní, thuairiscigh go leor múinteoirí go bhfuil siad freagrach as an gcuraclam a chur chun feidhme gan acmhainní dóthanacha, agus níor mheas ach aon trian go raibh a gcuid rochtana ar acmhainní dóthanacha a bhí ag teastáil 'go maith' nó 'an-mhaith'.
- Thuairiscigh níos lú ná aon trian go bhfuair siad dóthain forbartha inseirbhíse agus gairmiúla maidir le measúnú an scoláire ar na Croí-Inniúlachtaí sa bhunscoil, agus bhí an céatadán sin thart ar aon cheathrú ar an leibhéal meánscoile.
- Is féidir teachtaireacht iomlán an tsuirbhé a achoimriú i ráiteas ó mhúinteoir amháin ag deireadh na tuarascála, "cé go gcreidim go bhfuil an curaclam nua suimiúil agus ábhartha, bhí

an t-ualach oibre a bhí ag teastáil chun na topaicí go léir a athrú i dtréimhse chomh gearr sin gan am breise le pleanáil agus gan acmhainní breise thar a bheith tuirsiúil agus strusmhar" (lch 9).

**3.3.3 Tráchtaireacht ar an gcaoi ar éirigh le Curaclam Athcheaptha BC go dtí seo...**

Roinnt príomhphointí a ghabhann le fócas na tuarascála seo maidir leis na 'ceachtanna a foghlaimíodh':

- Chuaigh ceapadh an churaclaim nua BC i ngleic le taithí ó dhlínsí eile chomh maith leis na díospóireachtaí teoiriciúla maidir le príomhinniúlachtaí agus eolas ó thionscadal Chompáis Foghlama ECFE. Tá cur chuige comhtháite nó leabaithe sainráite glactha acu, a nascann príomhinniúlachtaí agus foghlaim ábhair, ag an gcéim ceaptha seachas é a fhágáil faoi achtú curaclaim ag scoileanna agus múinteoirí.
- Ina samhail curaclaim, déantar cur síos ar eolas ar dhá leibhéal – Smaointe Móra agus topaicí Inneachair, agus tá dhá leibhéal ag inniúlachtaí freisin – Croílár agus Curaclaim. Tá an t-idirdhealú topaicí Smaointe Móra/Ábhair dírithe ar na tosaíochtaí foghlama laistigh de réimse ábhair a chur in iúl, agus is é an t-idirdhealú Croí-Churaclaim ná cuidiú le hinniúlachtaí a shaincheapadh i leaganacha sainábhair agus iad a dhéanamh níos so-aitheanta do mhúinteoirí. Cé go bhfeictear gur réiteach idéalach é seo is é an baol atá ann go n-éireoidh na príomhinniúlachtaí leabaithe an iomarca agus go n-éireoidh siad níos cosúla le scileanna ábhair seachas le príomhinniúlachtaí (féach an trácht níos luaithe ar shamhail na Nua-Shéalainne). Chomh maith leis sin, tá téarmaíocht agus teanga dhifriúil á n-úsáid in athcheapadh BC le haghaidh gach inniúlachta curaclaim i gcomparáid lena gcroí-inniúlachtaí, gan aon mhapáil ar an réasúnaíocht ná ar an ngaol idir an dá cheann, chomh fada agus is eol dom.
- É sin ráite, in áiteanna eile tá cur síos agus cur in iúl an-iomlán ar na idirnaisc idir gnéithe éagsúla den churaclam.
- Maidir le measúnú agus ailíniú, glacadh céimeanna go luath chun tús a chur le hathruithe ar riachtanais na gcéimeanna roimh rolladh amach an churaclaim nua, ag aithint na gcúltionchar a bhíonn ag scrúduithe a mbíonn níos mó i ngeall leo ar aon churaclam. Tá roinnt imní fós ann go bhféadfadh feiceálacht na litearthachta agus na huimhearthachta sna scrúduithe céime ar fud an chúige baint ó thábhacht na gcroí-inniúlachtaí i gcoitinne. Chun é sin a

chothromú, tá Aonaid Gairmeacha lena mbaineann creidiúintí, lena n-áirítear punann ina bhfuil machnaimh ar fhás na gcroí-inniúlachtaí faoi dheireadh na scolaíochta, san áireamh freisin ar an dioplóma fágála scoile.

- Maidir le haiseolas faoin gcur chun feidhme, is cosúil go bhfuiltear ag brath go mór ar shamhailtí comhpháirtíochta chun cleachtas a roinnt (scaipeadh sóisialta mar shamhail roinnte, úsáid na gcomhpháirtíochtaí láidre múinteoirí atá ann cheana féin, agus comhpháirtíochtaí maoinithe nua). Níl dheimhnítear leis an bhfianaise ó shuirbhéanna na múinteoirí go bhfuil ag éirí go maith leis an tsamhail sin faoi láthair, áfach. Deirim é seo go cúramach mar d'fhéadfadh bearnaí a bheith san fhianaise ar an ábhar seo. Ag baint leas as taithí na hAlban, d'fhéadfadh go mbeadh gá i gcónaí leis an "lár a neartú", mar a moladh i dtuarascáil ECFE (2015) d'Albain maidir leis na buntáistí a bhaineann le gréasáin láidre múinteoirí agus comhoibriú ar fud scoileanna agus na n-údarás áitiúil.
- Ón eolas atá ar fáil, ní féidir liom teacht ar aon phleananna chun faireachán nó meastóireacht ar fud an chúige a dhéanamh ar rolladh amach an churaclaim, seachas na suirbhéanna a rinne cónaidhm na múinteoirí, atá ina bearna mhór ó thaobh a bheith ina "chóras a fhoghlaimíonn" (chun an frása ón Nua-Shéalainn a úsáid).

# 4 Saincheisteanna do lucht ceaptha curaclaim agus d'fhorbróirí curaclaim

## 4.1 Réamhthráchtanna

Ag leanúint ar aghaidh ó pheirspictíocht an chórais leathain i gCuid 2 agus ó lionsa níos mionsonraithe na gcás-staidéar i gCuid 3, glacann an chuid seo peirspictíocht mheánleibhéil agus tarraingíonn sí le chéile ceisteanna atá ag teacht chun cinn atá ina n-ábhar imní faoi leith do lucht ceaptha agus d'fhorbróirí curaclaim, amhail CNCM, mar gurb iad príomh-lucht éisteachta na tuarascála seo.

Baineann an chéad cheist le **suíomh na bpríomhinniúlachtaí i gcomparáid le codanna eile den churaclam**, an cheist 'thosaigh' vs an cheist 'deiridh' a bhí le feiceáil i gcás-staidéar na Nua-Shéalainne, agus an dícheangal idir na Ceithre hAcmhainneacht agus an Taithí agus na Torthaí in Albain. Ceist ghaolmhar is ea an dearcadh (fíor nó samhailteach) go bhfuil íosghrádú á dhéanamh ar eolas ábhair trí spriocanna foghlama breise a thabhairt isteach amhail príomhinniúlachtaí.

Baineann an dara ceist le **tréithe a bhaineann le príomhinniúlachtaí a chur in iúl agus a mhíniú níos mó** – cé mhéad sonraí atá de dhíth ar scoileanna agus ar mhúinteoirí chun tábhacht na bpríomhinniúlachtaí a thuiscint go hiomlán agus iad a iompú ina bpleananna praiticiúla agus ina gceachtanna dá dteagasc? Is cosúil go dtugtar le fios ó chonclúidí ón Nua-Shéalainn nár cuireadh go leor treorach ar fáil chun cabhrú le múinteoirí iad a thuiscint agus iad a chomhtháthú ina dteagasc ábhair agus bhí níos mó deacrachtaí fós ag múinteoirí na hAlban maidir leis an méid sin. Ar an taobh eile de, bhí an iomarca treorach ag múinteoirí na hAlban ansin, ní maidir le príomhinniúlachtaí ach maidir le torthaí foghlama ábhair agus pointí cóimheasa. Tá sé ró-luath a bheith cinnte ar an áit a seasfaidh British Columbia ar na gnéithe seo. Cé go gcuireann an suíomh gréasáin go leor treoir mhionsonraithe agus shoiléir ar fáil, níl aiseolas ó shuirbhéanna múinteoirí go dtí seo ag teacht leis an dearcadh seo, cé go bhféadfadh bearnaí a bheith ann idir an t-am a rinneadh an suirbhé agus an méid atá ar fáil ar an suíomh gréasáin agus ábhair thacaíochta ghaolmhara.

Ar deireadh, tá an cheist **ailínithe curaclaim** ann idir na spriocanna foghlama níos leithne atá intuigthe ag príomhinniúlachtaí, na hoideolaíochtaí gaolmhara agus an measúnú a dhéantar orthu. Tá roinnt éiginnteachta ann maidir le tuiscint scoileanna/múinteoirí i dtaobh na ceiste; an mbaineann na forbairtí curaclaim seo le hábhar an churaclaim agus leis an gcaoi a sonraítear é, nó an mbaineann sé le hathrú oideolaíoch, nó le hathruithe ar chleachtais mheasúnaithe, nó le gach ceann de na trí cinn. Is cinnte gurbh é seo an cás in Albain, áit ar chuir struchtúrú Taithí agus Torthaí scéal casta i láthair. Chomh maith leis sin, thuairiscigh múinteoirí a ghlac páirt sna gníomhaíochtaí comhchruthaithe in British Columbia go raibh roinnt deacrachtaí ag baint le cur síos a dhéanamh ar theorainneacha a

bhfreagrachtaí, mar gheall b'fhéidir ar theorainneacha rialála níos mó ná teorainneacha oideachais substainteacha.

Maidir le measúnú, mar gheall ar dhíospóidí teoiriciúla (agus praiticiúla uaireanta) ar inmhianaitheacht nó indéantacht príomhinniúlachtaí a mheas go suimitheach (an féidir leat grád a bhronnadh ar smaointeoireacht chruthaitheach, agus an mbeadh sé sin inmhianaithe?), ba é an cur chuige ginearálta ná measúnú ar phríomhinniúlachtaí a aimsiú laistigh de mheasúnú foirmitheach, ag baint úsáid as aiseolas ó mhúinteoirí, féinmheasúnuithe agus piarmheasúnuithe i gcoinne critéir agus rúibricí a bhaineann le hinniúlacht, agus ansin achoimre a dhéanamh orthu i 'gcártaí tuairisce' nó i bpróifílí scoláire deireadh bliana. Cuireann sé seo éilimh bhreise ar inniúlacht mheasúnaithe múinteoirí. Tuairiscíonn múinteoirí na hAlban agus British Columbia deacrachtaí le soiléireacht ar chritéir mheasúnaithe agus ualach oibre ina n-aiseolas. Ina theannta sin, tarraingíonn tabhairt isteach príomhinniúlachtaí, go háirithe ag leibhéal na sraithe sinsearaí, aird ar an gceist; an bhfuil ardteistiméireacht scoile oiriúnach dá feidhm agus an féidir léi tacú go fírinneach le haidhmeanna agus le mianta na spriocanna foghlama níos leithne a léirítear le príomhinniúlachtaí. Ach deir na riachtanais a bhaineann le hailíniú curaclaim gur chóir di. Is cinnte go bhfuil iarracht á déanamh ag British Columbia agus Albain aghaidh a thabhairt air seo. Déanfaidh na codanna seo a leanas roinnt plé agus machnaimh ar na saincheisteanna seo.

### 4.2 Príomhinniúlachtaí a shuí i gcuraclam

Measadh go teoiriciúil go raibh príomhdhúshlán dearaidh ag baint leis an áit ar chóir príomhinniúlachtaí a shuí i dtaca le teagasc ábhair sa Phríomhthuarascáil (Cuid, 2.4, lch 11) agus tháinig sé chun cinn mar fhíor-shaincheist do dhlínsí. Mar sin, b'fhéidir gurbh fhiú machnamh a dhéanamh air uair amháin eile.

Tá CNCM socraithe ar chur chuige comhtháite cheana féin, atá treoraithe ag beart comhairliúcháin leathan ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, a leag béim ar thábhacht na forbartha **comhtháite** chun "cabhrú le gach scoláire a bheith níos saibhrithe, níos rannpháirtí agus níos inniúla agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais, scileanna, luachanna agus meonta ar bhealach comhtháite." (CNCM, 2022, lch 20) Déantar cur síos éagsúil ar an gcur chuige seo i ndlínsí eile mar "insileadh" (Tuaisceart Éireann, CCSM, 2007) nó mar "fíodóireacht" i leagan churaclam na Nua-Shéalainne a bhfuil athnuachan déanta air le déanaí (Chamberlain et al., 2021). Tá sé beartaithe ag na cuir síos deireanacha an mothúchán a ghabhann le rud nua agus níos suntasaí ná an rud a tháinig roimhe a chruthú a chur in iúl, mar shampla, an sainmhíniú foclóra a bhaineann le hinsileadh ná, nuair a chuireann tú rud amháin le rud eile, athraíonn an rud nua sin go cáilíochtúil agus tábhacht eile ag baint leis. Tá dlínsí eile, ar nós cur chuige British Columbia agus na Nua-Shéalainne a bhfuil athnuachan

déanta orthu, tar éis dul níos faide ná úsáid mheafarach na dtéarmaí seo, ag cruthú múnlaí a dhéanann na gaolta idir codanna éagsúla a mhapáil go follasach..

Ach déantar an cur chuige seo a cháineadh go fiú. Ag tarraingt ar a thaithí féin ar leasuithe ar churaclaim scilbhunaithe níos luaithe san Astráil agus in áiteanna eile, rinne Reid (2006) an cás gur theip ar na leasuithe roimhe seo tionchar fiúntach a bheith acu ar an gcuraclam agus ar fhoghlaim an scoláire mar nach raibh go leor idir an cur chuige ar glacadh leis agus an méid a dhéantaí roimhe sin - go bunúsach, curaclam ábharbhunaithe, rud ar a dtugann sé an tsamhail churaclaim cheannasach. Bhí amhras air go háirithe maidir le a bheith ag brath ar 'ainmnigh i ndóchas', mar atá, ainm a thabhairt ar na hinniúlachtaí inmhianaithe agus múinteoirí a spreagadh iad a chur lena gcuid teagaisc ábhair, gan aon chomhairle bhreise ar na bealaí a bhféadfaí iad a nascadh le teagasc a n-ábhair. Ní bhíonn iontu i ndeireadh na dála ach uaillmhianta leathana le haghaidh teagasc ábhair. Cé go ndearnadh tuairimí Reid in 2006, agus i gcomhthéacs a chuid machnamh ar rath na leasuithe roimhe nó eile (ar scileanna riachtanacha den chuid is mó), is í an aincheist a chuir sé maidir leis an gcothromaíocht 'cheart' a fháil idir inneachar ábhair léinn agus príomhinniúlachtaí, níor roghnaíodh cé acu ar chóir a bheith mar phointe tosaigh agus aonaid teagaisc agus pleananna ceachta á gcruthú go fóill, rud atá soiléir ón bhfianaise taighde ó na cás-staidéir. Tá an chuma ar an scéal gurb é sin a tharla do na Ceithre hAcmhainneacht i roinnt scoileanna in Albain agus le Príomhinniúlachtaí do roinnt scoileanna sa Nua-Shéalainn.

Is féidir srianta a bheith ag baint le cur chuige leabaithe go fiú, mar a ndéanfaí na príomhinniúlachtaí a chomhtháthú laistigh de na hábhair nó réimsí foghlama agus treoir ann i dtaca leis na háiteanna is fearr lena bhforbairt laistigh den ábhar, mar go ndéantar an inniúlacht a imeallú nó go mbíonn sí dofheicthe de dheasca na riachtanas a thagann le teagasc an ábhair. D'fhéadfadh go bhfuil baol ag baint leis an iarracht a rinne British Columbia a gcroí-inniúlachtaí a mhapáil agus a shaincheapadh ina n-inniúlachtaí ábhair churaclaim ar an gcaoi sin, ag is féidir an rud céanna a rá maidir le cur chuige athnuaite na Nua Shéalainne. De bhreis air sin, is féidir go n-éiríonn na hinniúlachtaí scartha thar ábhair, cailltear an intinn uileghabhálach, agus ní éiríonn le scoláirí nasc a dhéanamh idir an taithí a fhaigheann siad ar an inniúlacht a chleachtadh sna hábhair agus sna heispéiris seomra ranga éagsúla.

Go bunúsach, molann Reid gur cheart aitheantas a thabhairt roimh ré gur féidir deiseanna foghlama sa churaclam a thabhairt ó dhá threo: na príomhinniúlachtaí agus eolas ábhair (cibé bealach a n-eagraítear iad). Tá róil ar leith ag an dá threo seo, bíodh is gur róil chomhlántacha iad. Dar le Reid, is é an smaoineamh ná "cuid amháin a mhúineadh - saineolas - ar mhaithe leis an dara cuid a fhorbairt - príomhinniúlachtaí/ábaltachtaí" (Reid, 2006, lch. 54) an rud ar ar thug sé teagasc trí shaineolas LE HAGHAIDH cumais (a chuid focal). San idirghníomhaíocht dhinimiciúil atá ann idir an dá chuid, cuirfidh an t-inneachar ábhar léinn an pointe tosaigh ar fáil uaireanta agus uaireanta eile cuirfidh an

phríomhinniúlacht ar fáil é. Mar sin, níor cheart a bheith ag plé leis an áit ar cheart tús a chur le pleanáil mar neamhréireacht churaclaim ach rogha a chur ar fáil do mhúinteoirí de phointí pleanála agus de chuir chuige teagaisc ina dhiaidh sin, rud a cheadaíonn solúbthacht agus cruthaitheacht. Bíonn inneachar ábhar léinn á roghnú ag múinteoir uaireanta, ní hamháin mar gheall ar a thábhacht féin ach mar dheis d'fhorbairt agus do chleachtas inniúlachta. Uaireanta eile, leagtar béim ar inneachar ábhar léinn agus tá an fhorbairt inniúlachta níos iarmhairtí ná d'aon ghnó. Is dócha go mbeidh iarmhairtí ag na roghanna seo ar an gcaoi a ndéantar aonad/tasc a leagan amach, ar an gcaoi a múintear é, agus ar an gcaoi a ndéantar measúnú air, le béim ar fhás inniúlachta chomh maith le tuiscint níos doimhne ar an ábhar, agus/nó ar fhorbairt saineolais.

Roimhe seo, d'aithin Perkins (2014) gurb é ceann de na hábhair imní is mó a bhain leis an gcur chuige seo ná go mbraithfear go bhfuil an curaclam ag éirí "inbhéartaithe", - ag Big Know-How (a chuid téarmaíochta le haghaidh príomhinniúlachtaí) ag teacht in áit an eolais nó a bheag a dhéanamh den tábhacht a bhaineann leis – buairt atá le feiceáil níos mó ó shin i leith, mar a léirítear sna cás-staidéir. Cuireann sé in iúl, áfach, gur gá roinnt roghanna suntasacha a dhéanamh chun an chothromaíocht cheart a fháil agus nár chóir do lucht ceaptha curaclaim/scoileanna/ múinteoirí na roghanna sin a sheachaint. Mar fhocal scoir deir sé, má táimid dáiríre faoi phríomhinniúlachtaí, gur cheart an curaclam "a chroitheadh agus a chorraí" (L.220) ar an dóigh go ndéantar athchalabrú air do na "saolta ar dócha a chaithfidh foghlaimeoirí" (lch 220). Is é an rud atá á thabhairt le fios ná go gcaithfidh foghlaimeoirí fios a bheith acu ar conas eolas a thógáil, agus eolas a chur i bhfeidhm, chomh maith le foghlaim faoi eolas seanbhunaithe, agus gurb iad cuir chuige na bpríomhinniúlachtaí an bealach chun é sin a bhaint amach. Aontaíonn Perkins le Reid, nach fiú bacadh le hiarracht a dhéanamh an curaclam a athdhearadh mura gcuirtear isteach ar an tsamhail churaclaim cheannasach (téarma Reid).

Maidir leis an áit a ndéantar eolas agus príomhinniúlachtaí a shuí sa churaclam scríobh Priestley agus a chomhghleacaithe in Albain go fairsing faoi na tuiscintí ar íosghrádú eolais atá curaclaim príomhinniúlachtaí tar éis tabhairt fúthu ar bhonn níos ginearálta. D'fhonn 'cruinneas' na dtuiscintí sin a fhiosrú, tá anailís doiciméad déanta ag Priestley agus Sinnema (comhghleacaí ón Nua-Shéalainn) ar thagairtí do 'eolas' i ndoiciméid de chuid CfE Building the Curriculum agus i gcáipéisí curaclaim na Nua-Shéalainne 2007 araon (Priestley agus Sinnema, 2014). Chinn siad sa deireadh, ó thaobh na ndoiciméad curaclaim foilsithe ar a laghad, go raibh líomhain d'eolas 'á n-íosghrádú' níos casta ná mar a chuir léirmheastóirí ina leith. De réir a gcuid anailíse, is cuid bhunúsach é eolas do na haidhmeanna, do chuspóirí agus do spriocanna an dá churaclam, lena n-áirítear an fócas ar eolas disciplín. Tagann an débhríocht chun cinn sa mhéid is nach bhfuil san eolas anois ach ceann amháin de chuid mhór cuspóirí, agus ar an mbealach sin d'fhéadfaí a rá nach bhfuil sé chomh tábhachtach céanna. Chomh maith leis sin, sa dá churaclam, níl an t-eolas chomh forordaithe céanna agus a bhí i gcuraclaim roimhe

seo agus tá ráitis ar smaointe agus ar thuiscintí níos leithne ann, rud a thugann deis do mhúinteoirí topaicí ar leith a roghnú a oireann dá gcomhthéacs (níos mó solúbthachta). Mar sin féin, is minic go mbíonn an dearcadh ag múinteoirí go bhfuil sé seo ró-dhoiléir.

Anuas air sin, maíonn Priestly agus Sinnema gur féidir an dá churaclam a chíoradh maidir le teachtaireachtaí measctha faoin áit a ndéantar an eolas a neadú sa churaclam. Léiríonn siad roinnt neamhréireachta maidir le húsáid teanga ar fud téacsanna beartais agus curaclaim (m.sh., eolas, tuiscint, scileanna, inniúlachtaí, cumais, dearcaí, tréithe), rud a thugann tuiscint ar easpa soiléireachta ní hamháin faoi théarmaíocht ach faoi chuspóirí curaclaim. D'fhág na teachtaireachtaí measctha seo go raibh baol ann nach mbeadh scoileanna agus múinteoirí cinnte faoi cathain agus conas a d'fhéadfaidís tús áite a thabhairt d'fhorbairt eolais an scoláire. Cuireann siad roinnt ceisteanna tábhachtacha faoi na critéir a d'fhéadfadh scoileanna/múinteoirí a úsáid i roghnú ábhair a chomhlíonann cuspóirí an churaclaim in áit ar na cúiseanna 'míchearta' - chun críocha measúnaithe cúnga, le freastal ar acmhainní atá ann cheana féin, nó den dearcadh 'rinneamar i gcónaí mar sin é'. Léiríonn na peirspictíochtaí seo cé chomh tábhachtach is atá sé do scoileanna agus do mhúinteoirí ciall iomlán a bhaint as an bhfáth a bhfuil príomhinniúlachtaí á dtabhairt isteach i gcuraclam, ionas gur féidir leo leas a bhaint as na deiseanna a bhaineann le príomhinniúlachtaí chun foghlaim scoláirí a fheabhsú.

### 4.3 Forbairt agus Cur in Iúl an Churaclaim le haghaidh Scoileanna agus Múinteoirí

Rogha de shamplaí den mhéid atá déanta ag údaráis eile curaclaim atá sa chuid seo níos mó ná plé ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le treoir mhionsonraithe. Agus cinntí á ndéanamh faoi cé na hábhair tacaíochta ar cheart tús áite a thabhairt dóibh, chomh maith le 'cé a dhéanann cad' ionas go mbeidh soiléireacht ann maidir le leithdháileadh tascanna, beidh sé tábhachtach an comhthéacs stairiúil ina raibh scoileanna agus múinteoirí ag obair a chur san áireamh, an raibh na curaclaim go dtí seo lárnaithe agus/nó an-fhorordaithe, an raibh nó nach raibh taithí ag scoileanna roimhe seo ar phríomhinniúlachtaí nó ar choincheapa a bhaineann leo cosúil le príomhscileanna, agus/nó an bhfuil nó nach bhfuil taithí ag scoileanna ar fhéinriail áitiúil a bheith acu. Bhí sé mar aidhm ag go leor forbairtí curaclaim le déanaí (m.sh., Albain) cumas gníomhúcháin múinteoirí a mhéadú agus múinteoirí a thabhairt isteach mar dhéantóirí curaclaim, rud a chruthaigh dúshláin do roinnt scoileanna. Sa Nua-Shéalainn, bhí an caighdeán déanta curaclaim áitiúla athraitheach, rud a chuir imní in iúl maidir le cothromas agus fáil na ndaltaí ar chineálacha éagsúla foghlama, agus mar sin beidh sé tábhachtach an chothromaíocht a fháil i gceart.

É sin ráite, tá iarracht mhór déanta ag údaráis churaclaim maidir le cruthú, agus comhchruthú le múinteoirí, treoir agus mínithe ar phríomhinniúlachtaí, leaganacha áirithe d'aoiseanna agus do

chéimeanna, cás-staidéir (cuntais inste agus físeáin) ar 'an chuma atá ar mo sheomra ranga', chomh maith leis na mapaí de dhul chun cinn agus contanaim foghlama chun tuiscint a fháil ar fhás inniúlachta agus mar sin de. Faightear achoimre úsáideach ar na forbairtí curaclaim a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh cur chuige inniúlachta i ndoiciméad ón mBiúró Idirnáisiúnta Oideachais (Kapita agus Ji, 2017) ina ndéantar tuairisciú ar thaithí na Céinia ar bhogadh sa treo seo, féach thíos.

Tá mé tar éis roinnt tráchtanna breise (i gcló iodálach) a chur leis ó mo thaithí féin ag obair le Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM) i dTuaisceart Éireann sular cuireadh a gCreat Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta i bhfeidhm go céimneach in 2007, agus ó mo thaighde ar chreataí ó thíortha eile. Is iad seo cuid de na príomhghnéithe, le samplaí:

- *MÓRPHICTIÚR den churaclam a dhearadh, a léiríonn an bealach a n-oibríonn na gnéithe éagsúla le chéile ar mhaithe le héascaíocht chumarsáide chomh maith le tagairt réidh a dhéanamh. Féach na samplaí*

  An Nua-Shéalainn The New Zealand Curriculum / Kia ora - NZ Curriculum Online (tki.org.nz)

  British Columbia Curriculum Overview | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

  Tuaisceart Éireann An Mórphictiúr an Churaclaim ag Eochairchéim 3 | CCSM

  An Fhionlainn https://www.oph.fi/en/education-and-qualifications/national-core-curriculum-basic-education

- Tuairisceoirí inniúlachta a fhorbairt do gach príomhinniúlacht a bhfuiltear ag súil leis; *agus ag déanamh cur síos ar an mbealach a n-oibríonn na príomhinniúlachtaí le chéile mar aon rud iomlán.* Tá tuairisceoirí ag leibhéal inniúlachtaí aonair tábhachtach ionas gur féidir le múinteoirí anailís inmheánach a dhéanamh orthu agus iad a thuiscint ach tá sé tábhachtach freisin go bhfuil tuiscint ann go bhfuil sé i gceist go mbeidh príomhinniúlachtaí idirspleách agus go n-oibreoidh siad as lámha a chéile.

  British Columbia Core Competencies | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

  Tuaisceart Éireann https://uk.ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset/General/Thinking%20Skills%20and%20Personal%20Capabilities%20for%20Key%20Stage%203.pdf

- Tuairisceoirí a fhorbairt do leibhéil/aoiseanna agus céimeanna éagsúla; chomh maith le bunphrionsabail an dul chun cinn eatarthu a chur in iúl. Níl an struchtúr céanna ar gach creat, mar shampla, bhain curaclam na Nua-Shéalainne 2007 níos mó as cás-staidéir ar 'an chuma atá ar mo rang' ná as tuairisceoirí leibhéil follasacha, cé go bhfuil a gcuraclam a ndearnadh athnuachan air in 2023 tar éis bogadh i dtreo an dul chun cinn d'aon ghnó. Toisc go bhfuil tuairisceoirí scileanna/inniúlachta ar leith ag CNCM do gach céim den oideachas

d'fhéadfadh sé seo a bheith níos deacra ina gcás féin (féach an Phríomhthuarascáil, Cuid 6, lch 46-56)

*British Columbia* https://curriculum.gov.bc.ca/competencies/thinking/creative-thinking

*Victoria, an Astráil* http://victoriancurriculum.vcaa.vic.edu.au/critical-and-creative-thinking/introduction/scope-and-sequence

Tuaisceart Éireann https://uk.ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset/General/Thinking%20Skills%20and%20Personal%20Capabilities%20for%20Key%20Stage%203.pdf

Continuous Views | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

- *A shoiléiriú conas is féidir na príomhinniúlachtaí a aithint agus a léiriú in ábhair ionas gur féidir le múinteoirí deiseanna a aithint go muiníneach chun príomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm i raon comhthéacsanna agus gur féidir leo a luach trasnaí do scoláirí a léiriú.. (Féach thíos le tuilleadh eolais a fháil ar an bpointe seo.)*

  *Tuaisceart Éireann* TSPC Progression Maps at Key Stage 3 | CCEA

  *British Columbia* Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

- Developing suggested learning experiences that promote the achievement of the key competencies:

  Tuaisceart Éireann About Thinking Skills and Personal Capabilities | CCEA

  *An Nua-Shéalainn* Key competencies and effective pedagogy / Key competencies / Kia ora - NZ Curriculum Online (tki.org.nz)

  *An Bhreatain Bheag* Curriculum for Wales - Hwb (gov.wales)

- Príomhcheisteanna fiosrúcháin a fhorbairt a chuireann teagasc fiosrúchán-bhunaithe chun cinn chun cabhrú le teagasc idirdhealaithe. *Níl sé seo tipiciúil i ngach tír, cé gur oibrigh a bhformhór le scoileanna chun tascanna agus aonaid ar leith a chruthú.*

- *Ábhair a fhorbairt do pháistí ag a bhfuil riachtanais-speisialta;*

  *Tuaisceart Éireann* RSO Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta| CCEA

- Rúibricí measúnaithe a fhorbairt don mheasúnú foirmitheach ar a laghad, agus freisin don mheasúnú suimitheach;

  Northern Ireland Using Rubrics to Support Planning and Assessment of the TSagusamp;PCs.pdf (ccea.org.uk)

  a-framework-for-classroom-assessment.pdf (gov.bc.ca)

- Treoracha faisnéise a fhorbairt do thuismitheoirí agus chaomhnóirí, chun cabhrú le tuiscint a fháil ar na hathruithe agus na hathruithe béime i gcur chuige príomhinniúlachta.

  An Astráil The Australian Curriculum. An overview for parents.

Sa chéim forbartha, má tá dlínse ag tosú gan aon taithí ar phríomhinniúlachtaí a chur san áireamh ina gcuraclam, tá sé tábhachtach nasc a dhéanamh idir an méid atá leagtha amach do na hábhair faoi láthair (eolas agus scileanna ábhair ar leith is dócha) agus na tuairisceoirí príomhinniúlachta nua, chun an áit a bhfuil na bearnaí a aithint ar a laghad. Is é is dóichí ná go mbeidh scileanna ábhair ag teacht le comhpháirteanna cognaíocha de phríomhinniúlacht, maidir le 'smaointeoireacht ', ar a laghad, agus is dócha go mbeidh bearnaí ann maidir le tagairt fhollasach ar bith de mheonta/dhearcthaí agus luachanna, fiú sa réimse cognaíoch. Is gnách nach mbíonn próifílí sainiúla ábhair láidre ag baint leis na hinniúlachtaí 'ag obair le daoine eile', agus 'féinbhainistíocht agus bainistíocht foghlama' agus is dócha go ndéanfaidh iniúchadh ar ábhair reatha bearnaí a nochtadh, níos mó fós do na inniúlachtaí nua atá á moladh don tSraith Shinsearach, 'folláine a chothú' agus 'páirt a ghlacadh sa phobal'.

Bhunaigh roinnt mhaith dlínsí painéil forbartha ábhair le conairí foghlama agus torthaí príomhinniúlachta a fhorbairt a dhíríonn ar eolas, scileanna, dearcthaí agus luachanna a bhaineann le foghlaim fhiúntach i ngach ábhar. Cé gur cinnte gur céad chéim riachtanach é seo, is fiú athrá a dhéanamh ar an bpointe a rinne Reid maidir leis an 'samhail leabaithe curaclaim', is é sin, go 'gcailltear' cuspóir uileghabhálach na bpríomhinniúlachtaí nuair a aithnítear laistigh d'ábhair iad. Chun é sin a sheachaint, beidh sé tábhachtach idirphlé leanúnach a choimeád idir peirspictíocht an ábhair agus an creat príomhinniúlachtaí uileghabhálach. Cuireann Reid bealach amháin leis seo a dhéanamh in iúl ina thuairim choincheaptha ar an teagasc trí eolas d'inniúlachtaí. Beidh sé suimiúil a fheiceáil conas a dhéanann curaclam British Columbia seo a bhainistiú maidir lena gCroí-Inniúlachtaí agus a nInniúlachtaí Curaclaim. I bpáipéar taighde a thugann léargas éigin air seo, leanann Storey (2017) teacht chun cinn smaointe agus tuairiscí ar Chroí-Inniúlachtaí maidir le foghlaim shóisialta agus mhothúchánach i bpáipéir Aireacht Oideachais BC le linn na mblianta forbartha. Tugann sí athruithe béime faoi deara ó theanga agus ó pheirspictíochtaí na gCroí-Inniúlachtaí i leith na nInniúlachtaí Curaclaim, rud a léiríonn, dar léi, ceannas méadaithe an ábhair, agus tá sí buartha go mbeidh an bhrí bainte de bhunchuspóirí agus fadbhreathnaitheacht na gCroí-Inniúlachtaí

### 4.4 Ailíniú Curaclaim

I gCuid 2 den tuarascáil seo, aithníodh go raibh smaointeoireacht na gcóras ríthábhachtach agus aon athchóiriú curaclaim nó athfhorbairt á thabhairt isteach. Tá gá le hailíniú idir príomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara lasmuigh d'údaráis churaclaim, scoileanna, múinteoirí agus foghlaimeoirí le cur i bhfeidhm rathúil a bhaint amach. Rinneadh na pointí seo go maith sna moltaí ó athbhreithnithe beartais. Mar sin féin, tá roinnt riachtanas a bhaineann le cur i bhfeidhm atá tábhachtach i dtaca le príomhinniúlachtaí go háirithe – conas a mhúintear iad agus conas a dhéantar measúnú orthu. Tugann

creataí príomhinniúlachta spriocanna nua isteach don fhoghlaim agus tá gá le breithnithe nua ar an gcaoi ar cheart iad a mhúineadh agus measúnú a dhéanamh orthu.

I gcroílár an ruda, baineann peirspictíocht ar churaclam príomhinniúlachta le 'fios a bheith ar an rud le déanamh' a fhorbairt agus a theagasc sa chiall is leithne, ag cuimhneamh gurb é an príomhfhócas a bhaineann le hoideachas príomhinniúlachta ná daoine óga a chumasú chun **gníomhú** i gcomhthéacs ar leith, fadhbanna a fhuascailt agus cinntí a dhéanamh, ní hamháin le bheith ag foghlaim go maith (an sainmhíniú DeSeCo, Príomhthuarascáil, lch 10). Tá difear idir 'fios a bheith ar an rud le déanamh' a theagasc agus a fhoghlaim agus 'fios a bheith agat go' a theagasc agus a fhoghlaim. Ní mór don mhúinteoir 'fios a bheith ar an rud le déanamh' a shamhaltú, agus ní mór do scoláirí a bhfuil aiseolas ábhartha agus deiseanna feabhsaithe ag teastáil uathu seo a chleachtadh - is é sin an chonair foghlama le haghaidh 'fios a bheith ar an rud le déanamh', mar sin ní leor teagasc atá bunaithe ar mhíniú, dá fheabhas é. Ní dócha é go bhfoghlaimeofar iad 'go spontáineach' agus beidh orthu a bheith ina bhfócas don mhúinteoireacht. Ag cuimhneamh go ndírítear ar ghníomhú agus comhghníomhú an scoláire agus a fhorbairt (Príomhthuarascáil, lch 12), ní mór do thascanna a bheith dúshlánach go leor agus iontaofa chun ligean do scoláirí na cineálacha straitéisí foghlama a chuireann le gníomhú scoláire a chur i bhfeidhm agus a chleachtadh – deiseanna eolas a úsáid go solúbtha, ag baint úsáid as áiseanna fadhbfhuascailte agus smaointeoireachta, comhoibriú ar thascanna, athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht an scoláire i gcoinne critéar – ligean d'fhéinfhaireachán, de ghníomhaireacht agus d'fhéinmháistreacht teacht chun cinn. Is gá go n-aithníonn scoláirí go bhfuil saineolas á shealbhú agus á ghnóthú acu na hinniúlachtaí seo a chleachtadh, ionas go bhforbraíonn siad an nós iad a chleachtadh, agus go n-aithníonn siad an tábhacht a bhaineann leo taobh amuigh den chomhthéacs inar fhoghlaim siad ar dtús iad. Forbraíodh an argóint seo roimhe seo sa Phríomhthuarascáil (lch 41).

Ar deireadh, ní mór don mheasúnú a bheith ag teacht, ar a laghad, leis na spriocanna foirmitheacha a bhaineann le forbairt príomhinniúlachta de ghnáth. D'aithin roinnt athbhreithnithe le déanaí an raon de mhodhanna atá á n-úsáid faoi láthair chun príomhinniúlachtaí a mheas chomh maith le cuid de na dúshláin. Mar shampla, d'aithin Siarova et al (2017), in athbhreithniú ar oideachas Eorpach, cuid de na príomhchoinníollacha a chabhraíonn lena measúnú – go ndéantar na príomhinniúlachtaí a oibríochtú mar thorthaí foghlama agus an tábhacht a bhaineann le hinniúlacht mheasúnaithe múinteoirí agus a gcumas measúnú a chomhtháthú ina gcuid teagaisc. Chomh maith leis sin, aithníodh an raon modhanna measúnaithe agus cur chuige atá á n-úsáid faoi láthair san athbhreithniú Eorpach – roinnt trialacha caighdeánaithe (go háirithe le haghaidh litearthachta, uimhearthachta agus digiteacha); measúnú bunaithe ar fheidhmíocht (tascanna, cásanna, tionscadail, punanna) tábhacht ar leith ag baint leo le haghaidh léirithe níos casta; chomh maith le húsáid féinmheasúnuithe agus piarmheasúnuithe, go háirithe má dhéantar cur síos ar na príomhinniúlachtaí ar bhealaí atá oiriúnach

do scoláirí. Tugadh faoi deara freisin go raibh ábharthacht agus úsáid na teicneolaíochta ag méadú. San athbhreithniú a rinne siad ar threochtaí i measúnú d'Aireacht Oideachais na Nua-Shéalainne, chuir Hipkins agus Cameron (2018) oiriúnacht na gcur chuige atá bunaithe ar fheidhmíocht in iúl freisin, rud a léiríonn an pointe, toisc go mbaineann príomhinniúlachtaí le cumas an scoláire a fhorbairt chun gníomhú, chun fadhbanna a fhuascailt agus chun cinntí a dhéanamh, ba cheart, ar a laghad, gné éigin den fheidhmíocht a chur san áireamh ina measúnú. Is fiú tabhairt faoi deara go bhfuil Aonad Gairmeacha chomh maith le haonad Ceangail Saoil-Gairme curtha san áireamh ag British Columbia ina dteastas scoile, lena n-áirítear buaic-thionscadal agus machnamh punainne ar a dtaithí agus ar fhás príomhinniúlachtaí.

https://curriculum.gov.bc.ca/sites/curriculum.gov.bc.ca/files/curriculum/career-education/en_career-education_10-12_career-education-guide.pdf

In Albain, mhol Tuarascáil Hayward, a foilsíodh i mí an Mheithimh, 2023, go dtabharfaí Dioplóma Gnóthachtála na hAlban isteach mar theastas fágála scoile, go n-áireofaí trí shnáithe - clár foghlama (is dócha gur cáilíochtaí a bheidh ann), foghlaim tionscadail (léiriú foghlama ar fud ábhar), agus conair phearsanta (scéal foghlama pearsanta). Faoi láthair, níl anseo ach moladh agus ní beartas rialtais é.

It's Our Future - Independent Review of Qualifications and Assessment: report - gov.scot (www.gov.scot)

Ar deireadh, níor cheart dearmad a dhéanamh go bhfuil príomhinniúlachtaí dírithe, le tamall anuas, ar mheasúnú caighdeánaithe i suirbhéanna idirnáisiúnta. Samplaí de seo ná; fadhbfhuascailt (PISA, 2012), fadhbfhuascailt i gcomhar (PISA, 2015), inniúlacht dhomhanda (ECFE, 2020), agus scileanna sóisialta agus mothúchánacha (ECFE, 2021). Sheol an ECFE an measúnú ar smaointeoireacht chruthaitheach le déanaí, tuairisciú le déanamh air in 2024.

## 5 Achoimre agus machnaimh ghinearálta maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh

**5.1** Ba é cuspóir na tuarascála seo ná faisnéis a bhailiú ar thaithí dlínsí eile a bhí tar éis cuir chuige príomhinniúlachta a thabhairt isteach cheana féin maidir lena gcuraclaim. Tugadh faoin athbhreithniú **de mheon na piarfhoghlama** agus ag an am céanna aithníodh go bhfuil taithí ábhartha shuntasach ag Éirinn í féin a aithnítear in go leor athbhreithnithe idirnáisiúnta.

**5.2** Fuarthas rochtain ar dhá fhoinse fianaise – sintéisí taighde a bhí curtha i gcrích ag gníomhaireachtaí idirnáisiúnta cheana féin ar an ábhar de chur chun feidhme (ECFE agus AE), a tuairiscíodh i gCuid 2, agus ar chás-staidéir mhionsonraithe ar na haistir de chur chun feidhme ó thrí dhlínse éagsúla, tógtha

ó fhianaise taighde atá ar fáil agus tuarascálacha eile ar an rolladh amach agus tionchar na gcuraclam seo thar amlínte éagsúla, a thuairiscítear i gCuid 3. Cé go ndéanann na foinsí éagsúla pictiúir ag méideanna éagsúla 'gráinne', le chéile **léiríonn siad pictiúr cuimsitheach** den mhéid is féidir a rá faoi láthair faoi na héachtaí agus na dúshláin a bhaineann le hathfhorbairt curaclaim, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le príomhinniúlachtaí.

**5.3** Is féidir impleachtaí cuid de **na moltaí beartais leathana** ón ECFE agus tuarascálacha an AE a fheiceáil **níos mó sna cás-staidéir**. Mar shampla, léirítear an tábhacht a bhaineann le fís chomhroinnte a fhorbairt i gcomhairliúchán agus déantar comhchruthú le páirtithe leasmhara a léiriú i ngach ceann de na trí chás-staidéar. Chaith gach dlínse méideanna suntasacha ama agus iarrachta ar chéimeanna pleanála roimh an rolladh amach náisiúnta deireanach den churaclam nua, a bhí céimnithe uaireanta. Reáchtáil gach ceann de na trí dhlínse treoirthionscadail a bhí tábhachtach maidir le mionchoigeartú chomh maith le hacmhainn a fhorbairt. Mar sin féin, glacann sé am tuiscint níos doimhne a thógáil ar an gcuraclam agus ar athruithe eile nach ar mhaithe le cur i gcéill iad ar chleachtas an tseomra ranga agus is féidir iad a chur dá gcúrsa go héasca trí thosaíochtaí beartais athraitheacha agus trí dhúshláin eile. Deimhníonn fianaise ó thaithí na hAlban é seo go háirithe. Ní mór éisteacht go han-chúramach le moladh thuarascáil an AE "cleachtas a fhorbairt agus a dhoimhniú" do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí (féach Cuid 5.7 le haghaidh tuilleadh forbartha).

**5.4** Tá go leor de na moltaí (féach 2:2, lch7 -8) ábhartha i dtaca leis na **coinníollacha fabhracha maidir le cur chun feidhme rathúil** a sainaithníodh cheana féin i dTuarascáil Chomhairleach na Sraithe Sinsearaí (CNCM, 2022, caibidil 3, lch. 53) is é sin: cuspóir agus fís chomhroinnte a bheith ann; sonraí agus faisnéis taighde a úsáid; teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara; plean cumarsáide maith a bheith i bhfeidhm; acmhainní leordhóthanacha a dhaingniú; tráthúlacht agus luas a bheith i gceart; foghlaim agus forbairt ghairmiúil a fheabhsú; agus ailíniú agus comhleanúnachas beartais a bheith ann. Cé gur mó an seans go bhfuil na coinníollacha fabhracha seo ar eolas le tamall anuas, léiríonn fianaise ó na cás-staidéir ag - 'uair na cinniúna' - go mbeadh sé i bhfad níos deacra iad a bhainistiú in ainneoin iad a bheith ar eolas go maith agat (ní hionann 'a bheith eolach ar rud' agus 'a bheith ábalta rud a dhéanamh').

5.5 Ag déanamh machnamh ar na dlínsí eile, tá sé tábhachtach an **cuspóir a bhaineann le príomhinniúlachtaí a thabhairt isteach** sa churaclam a thabhairt chun tosaigh i bpléití i gcónaí - an 'cén fáth' - go háirithe in ainneoin dúshlán agus frustrachais. Is é an cuspóir a bhaineann leo ná spriocanna foghlama níos leithne a thabhairt isteach, ní le spriocanna foghlama eile tábhachtacha a bhrú amach cosúil le heolas ábhair agus scileanna ábhair. Ní sin le beag is fiú a dhéanamh de na dúshláin a bhaineann le dearadh curaclaim, ná de na dúshláin teagaisc, a bhaineann le cothromaíocht a fháil idir na spriocanna foghlama tábhachtacha comhlántacha seo. Léiríonn na cás-staidéir an

teannas go soiléir atá ann agus an bealach a réitíodh iad agus an bealach a réitíodh iad i gcónaí thar amlínte éagsúla. 'Obair atá idir lámha' go fóill is ea an chothromaíocht a fháil i gceart. Beidh sé tábhachtach do CNCM na cuspóirí agus na hintinní a bhaineann leis na príomhinniúlachtaí a thabhairt isteach sa churaclam a choimeád agus iad ag bogadh ar aghaidh.

**5.6** Tá baint ag téama eile a thagann aníos arís agus arís eile leis **an méid cur in iúl a dhéantar ar phríomhinniúlachtaí** ar leor é go dtuigfidh scoileanna agus múinteoirí an bhrí a bhaineann leo, iad a aistriú go cleachtas sa seomra ranga, agus ag an am céanna meas a léiriú maidir lena féinriail ghairmiúil agus gan an iomarca brú a chur orthu. Tá stair agus traidisiúin éagsúla ag dlínsí faoin méid cur in iúl ba cheart d'údaráis churaclaim a dhéanamh go lárnach, cé mhéad ba cheart do sheirbhísí tacaíochta réigiúnacha agus cnuasach scoileanna a dhéanamh, agus an méid ar féidir a bheith ag súil leis ó scoileanna agus ó mhúinteoirí le bheith ina ndéantóirí curaclaim. Is í an tuairim ghinearálta ná go bhfuil gá le bogadh ar aghaidh ó **'ainmnigh i ndóchas'** ach tá an cheist ann go fóill maidir le **cé mhéad**. Tá an baol ann go n-éireoidh sé ró-shaintreorach, go gcuirfidh sé srian ar bhreithiúnais ghairmiúla múinteoirí, agus nach n-éireoidh leis curaclam a chruthú atá freagrúil do riachtanais na scoláirí agus do leas an phobail áitiúil. Is dócha nár tugadh go leor suntas do phríomhinniúlachtaí sa Nua-Shéalainn i luathchéimeanna churaclam 2007, agus is dócha go ndeachaigh British Columbia sa treo eile den chuid is mó agus go ndeachaigh sé i mbun an-chuid forbartha agus mapála.

**5.7** Tá sé casta an chothromaíocht chuí a fháil maidir le príomhinniúlachtaí a chur in iúl leis an tabhairt isteach comhreathach, i ndlínsí áirithe, de 'sholúbthacht' in inneachar ábhar léinn agus torthaí foghlama níos leithne a lua in áit iad a lua mar riachtanais shonracha chun freastal ar an tsolúbthacht chéanna. Dá bhrí sin, **is féidir le dlínsí dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le 'heaspa chur in iúl' agus 'an iomarca cur in iúl' ar dhá bhealach – maidir le príomhinniúlachtaí agus maidir le torthaí foghlama ábhair.** Mar shampla, bhí an dá dhúshlán sin roimh Albain trí 'easpa chur in iúl' ar a gCeithre hAcmhainneacht agus, sna luathchéimeanna ar a laghad, trí 'easpa chur in iúl' a dhéanamh ar thorthaí ábhair; ansin fuair siad an t-uafás treorach ó fhoinsí éagsúla, go dtí gur shocraigh siad ar leagan nua agus níos soiléire de phointí cóimheasa do thorthaí ábhair. As seo amach, beidh sé tábhachtach do CNCM tuiscint a fháil ar agus iarracht a dhéanamh na tionchair ar leith a bhíonn ag an dá fhachtóir seo a aithint agus príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí á gcur in iúl.

**5.8** Ní nach ionadh gur tháinig an ról lárnach atá ag múinteoirí i dtabhairt isteach rathúil aon smaointe agus coincheapa nua i gcuraclam chun cinn arís agus arís eile sna sintéisí taighde agus sna cás-staidéir ar leith. Léirigh an fhianaise an tábhacht a bhaineann le h**am agus 'spás comhráite' a thabhairt do mhúinteoirí** chun '**machnamh domhain'** a dhéanamh ar na smaointe atá taobh thiar de phríomhinniúlachtaí, **chun ciall a bhaint as cúrsaí agus chun a gcleachtas sa seomra ranga a dhaingniú.** Maidir leis seo, is cinnte go bhfuil ábhair agus acmhainní tábhachtach, ach is cosúil go bhfuil

**piarfhoghlaim** níos tábhachtaí fós, ag glacadh páirt i gcomhráite faoin gcuraclam lena gcomh-mhúinteoirí, agus **le líonraí agus cnuasaigh scoile eile.** Cuireann British Columbia 'idirleathadh sóisialta' ar an tsamhail seo de chleachtais roinnte, ach ní féidir talamh slán a dhéanamh de agus is dócha go mbeidh réamhbheartú lárnach ag teastáil chun an leibhéal 'láir' tacaíochta seo do mhúinteoirí a neartú (féach sampla na hAlban de Chomhpháirtíochtaí Réigiúnacha).

**5.9** Déantar go leor tagairtí do thábhacht a bhaineann le hailíniú an chórais iomláin, ach chun an fócas a choimeád ar phríomhinniúlachtaí, **ní mór trácht ar leith a dhéanamh d'ailíniú measúnaithe, go háirithe don tSraith Shinsearach**. Tá dhá cheann de na cás-staidéir shamplacha tar éis, nó ar tí, athruithe suntasacha a dhéanamh ar a dteastas fágála scoile chun go ndéanfar ailíniú níos dlúithe lena gcuraclaim atá dírithe ar phríomhinniúlacht. Bhog British Columbia air seo go luath agus rinne siad athruithe chomh maith le hathdhearadh ar a gcuraclam. Tá Albain díreach ag bogadh anois i dtreo glacadh le hathruithe ar a gcáilíochtaí fágála scoile agus is dócha go dtabharfaidh sí dioplóma isteach atá ag teacht níos dlúithe le cuspóir a CfE, ach ghlac sé beagnach 20 bliain an chéim seo a bhaint amach.

5.10 Tá creataí curaclaim ar leith ag CNCM do chéimeanna éagsúla oideachais – na luathbhlianta, an bhunscoil, an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach. Cé go bhfuil fócas na tuarascála seo ar an tsraith shinsearach, **tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar aistrithe agus ar dhul chun cinn i bhfoghlaim na scoláirí idir na céimeanna éagsúla.** Tá sé tugtha faoi deara ag dlínsí eile conas is féidir le heaspa leanúnachais idir céimeanna constaicí a chruthú ar chur i bhfeidhm rathúil. Maidir leis sin, déanfaidh mé an moladh ón bPríomhthuarascáil ar an ábhar seo a athrá, *"Chun níos mó comhleanúnachais a bhaint amach agus a chur in iúl maidir leis na creataí seo, b'fhéidir go mbeadh ar CNCM ráiteas níos ginearálta a chruthú, ina ndéantar cur síos ar a n-áit thar na céimeanna"* (lch. 58), i dtaca le coincheapú maidir le coincheapa atá comhchosúil ach éagsúil ag an am céanna (príomhscileanna vs príomhinniúlachtaí), an úsáid a bhaintear as téarmaíocht agus teanga ag na céimeanna éagsúla atá comhchosúil ach éagsúil ag an am céanna agus ionchais ghinearálta maidir le dul chun cinn san fhoghlaim (Príomhthuarascáil, Cuid 6).

**5.11** Tá tús curtha ag an Nua-Shéalainn úsáid a bhaint as an bhfrása gur **'córas oideachais é a bhíonn ag foghlaim'** agus atá oscailte don fhoghlaim. Léiríonn an cás-staidéar sin cé chomh tábhachtach is a bhí meastóireacht taighde, sonraí córasacha agus faisnéis le faireachán a dhéanamh ar thionchar agus ar dhul chun cinn an churaclaim le himeacht ama. Léiríonn an dá thuairisc ECFE d'Albain an gá atá le sonraí córasacha agus athbhreithniú timthriallach ar churaclaim ionas gur féidir le córais léargas cuimsitheach a fháil ar conas atá ag éirí le curaclam. Is sampla maith é ar an bpointe seo an mheastóireacht atá i mbun faoi láthair ar thionchar agus ar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith

Shóisearach, cé go mbeadh sraith athbhreithnithe curaclaim níos timthriallaí úsáideach freisin, agus thar na céimeanna éagsúla oideachais.

**5.12** Pointe deiridh ó na cás-staidéir. Is féidir le tabhairt isteach príomhinniúlachtaí i gcuraclam a bheith **ina chur isteach níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis**, mar ardaíonn sé go leor saincheisteanna tábhachtacha eile faoi thosaíochtaí san oideachas agus i bhfoghlaim scoláirí; gairmiúlacht múinteoirí, ualach oibre agus folláine; agus cuspóirí measúnaithe agus cáilíochtaí náisiúnta. Agus i gcás na Nua-Shéalainne agus British Columbia, spreag sé ceisteanna agus machnaimh chultúrtha níos doimhne faoin gcineál traidisiún foghlama agus cultúrtha ba cheart agus nár cheart a léiriú i gcuraclam náisiúnta.

# 6 Tagairtí

Aitken, G., agus Wood, B. (2023) *Explaining the Understand-Know-Do (UKD) structure of Te Mataiaho, the refreshed New Zealand Curriculum.* Tuairisc Theicniúil, Bealtaine 2023, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Nua-Shéalainne

ExplainingtheUnderstand-Know-DostructureofTeMtaiahotherefreshedNZCAitkenWood.pdf

BCTF (2019) *2019 BCTF Curriculum change and implementation survey*. British Columbia's Teachers Federation.

2019_report5637494a89144caf94adbbf797b378a1.pdf (bctf.ca)

Chamberlain, M., Darr, C., Hipkins, R., McKinley, S., Murphy, H., & Sinnema, C. (2021) New *Zealand Curriculum refresh: Progressions approach.* Wellington: NZCER

Progression paper (nzcer.org.nz)

Drew, V., Priestley, M., agus Michael, M. (2016) Curriculum development through critical collaborative professional enquiry. *Journal of Professional Capital and Community*, 1(1) 92-106.

Education Review Office (ERO) (2018) *Developing key competencies in students Years 1-8*. Rialtas na Nua-Shéalainne: Education Review Office.

Developing-Key-Competencies-1-8-FINAL.pdf (ero.govt.nz)

Education Review Office (ERO) (2019) *The key competencies: Realising the potential of the New Zealand Curriculum*. Rialtas na Nua-Shéalainne: Education Review Office.

The Key Competencies Realising the Potential of the New Zealand Curriculum (1).pdf

Gouedard, P., Pont, B., Hyttinen, S., agus Huang, P. (2020) *Curriculum reform: A literature review to support effective implementation,* OECD Working Paper No 239. https://one.oecd.org/document/EDU/WKP(2020)27/En/pdf

Hipkins, R., Bolstad, R., Boyd, S, agus McDowall, S. (2014). *Key competencies for the future*. Wellington: NZCER Press. http://www.nzcer.org.nz/system/files/Key_Competencies.pdf.

Hipkins, R., agus Cameron, M. (2018) *Trends in assessment: An overview of themes in the literature.*

Wellington: NZCER

Trends in assessment report.pdf (nzcer.org.nz)

Humes, W., agus Priestley, M. (2018) Curriculum reform in Scottish education: Discourse, narrative and enactment. In: M. Priestley, D. Alvunger, S. Philippou. agus T. Soini (Eag), *Curriculum making in Europe: policy and practice within and across diverse contexts.* Bingley: Emerald.

Tá an foilseachán bunaidh le fáil anseo: https://doi.org/10.1108/978-1-83867-735-020211009

Independent Review of Qualifications and Assessment (2023*) It's Our Future – Independent Review of Qualifications and Assessment, Final Report*. Dún Éideann: Rialtas na hAlban. (The Hayward Report)

It's Our Future - Independent Review of Qualifications and Assessment: report - gov.scot (www.gov.scot)

An Chomhairle Idirnáisiúnta do Chomhairleoirí Oideachais (ICEA) (2018) *Report 2016-2018, First report.*

Dún Éideann: Rialtas na hAlban

International Council of Education Advisers: report 2016-2018 - gov.scot (www.gov.scot)

An Chomhairle Idirnáisiúnta do Chomhairleoirí Oideachais (ICEA) (2020) *Report 2018-2020, Second Report.*

Dún Éideann: Rialtas na hAlban

International Council of Education Advisers Report 2018-2020 - gov.scot (www.gov.scot)

Kapita, D.N, agus Ji, L. (2017) *The why, what and how of competency-based curriculum reforms: The Kenyan experience.* An Ghinéiv: International Bureau of Education/UNESCO.
http://unesdoc.unesco.org/images/0025/002504/250431e.pdf.

Looney, J., O'Shea, M., Staring, F., Vicentini, L., Wisniewski, J., Frohlich Hourgaard, K., agus Day, L. (2002a) *Key competences for all: Policy design and implementation in European school education, Executive Summary.* Lucsamburg: Foilseacháin an Coimisiúin Eorpaigh.

key competences for all-NC0922051ENN.pdf

Looney, J., O'Shea, M., Staring, F., Vicentini, L., Wisniewski, J., Frohlich Hourgaard, K., agus Day, L. (2002b) *Key competences for all: Policy design and implementation in European school education, Study Report.* Lucsamburg: Foilseacháin an Coimisiúin Eorpaigh.

key competences for all-NC0922050ENN (1).pdf

McDowall, S., agus Hipkins, R. (2018) *How the key competencies developed over time: insights from research.* Wellington: NZCER Paper 2 KCs research final.pdf (nzcer.org.nz)

McGarr, O., McCormack, O., O'Reilly, J., Lynch, R., Power, J., Ó Gallchóir, C., McMahon, J., Hennessy, J., Leahy, K., O'Meara, N., Calderon, A., MacPhail, A., Neary, A., Ní Chathasaigh, C., Costello, H. agus Goos, M. (2022) *Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach: Réamhthuarascáil ar staidéar fadaimseartha (peirspictíochtaí tosaigh ar chur chun feidhme, ar thorthaí agus ar thionchar).* Ollscoil Luimnigh.

https://www.ul.ie/media/26863/download?inline=true

McGarr, O., McCormack, O., O'Reilly, J., Hennessy, J., O'Meara, N., Neary, A., Lynch, R., Power, J., Lenihan, R., Calderon, A., MacPhail, A., Leahy, K., Ó Gallchóir, C., McMahon, J., Ni Chatasaigh, C., agus Goos, M. (2023) *Iniúchadh ar Thabhairt isteach an Chreata don tSraith Shóisearach – Staidéar Fadaimseartha: Tuarascáil Eatramhach Uimh. 2.* Ollscoil Luimnigh.

UL FFJC second interim report.pdf

McGuinness, C. (2023) *Inniúlachtaí an Scoláire i Sraith Shinsearach Athfhorbartha.* Baile Átha Cliath: NCCA key_competencies_report-senior-cycle_2023_ga.pdf (ncca.ie)

CNCM (2008) *Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí Dréacht tuarascáil eatramhach.*

CNCM (2009) *Tionscnamh Príomhscileanna: Tuarascáil ar chéim a dó.*

CNCM (2010) *Tionscnamh Príomhscileanna: Céim 3, Scéalta ó na hionaid foghlama*

CNCM (2022). *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach – Tuarascáil Chomhairleach* Baile Átha Cliath: CNCM

https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf

An Chomhairle Idirnáisiúnta do Chomhairleoirí Oideachais (ICEA) (2018) Report 2016

ECFE (2005). *DeSeCo Executive Summary*, https://www.oecd.org/pisa/35070367.pdf

ECFE (2018). *The future of education and skills 2030: The future we want.* Páras: ECFE.

(http://www.oecd.org/education/2030/oecd-education-2030-position-paper.pdf)

http://www.oecd.org/education/school/Flyer-The-Future-of-Education-and-Skills-Education-2030.pdf

ECFE (2021), *Beyond Academic Learning: First Results from the Survey of Social and Emotional Skills*, OECD Publishing, Páras, *https://doi.org/10.1787/92a11084-en*.

**ECFE (2021), *Scotland's Curriculum for Excellence: Into the Future*, Implementing Education Policies, OECD Publishing, Paris, https://doi.org/10.1787/bf624417-en.**

ECFE (2020), *Torthaí PISA 2018 (Imleabhar VI): Are Students Ready to Thrive in an Interconnected World?*, PISA, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/d5f68679-en.

ECFE (2022) Creative Thinking - PISA (oecd.org)

Perkins, D.N. (2014). *FutureWise: Educating our Children for a Changing World.* San Francisco, CA: Jossey-Bass.

Peterson, A. (2023) *Education transformation in British Columbia*. Washington, D.C.: Center for Universal Education, Brookings.

Brief_Education-transformation-in-British-Columbia-_FINAL.pdf (brookings.edu)

PISA (2012) *Torthaí PISA 2012: Creative problem-solving – students' skills in tackling real life problems.* Páras: ECFE http://www.oecd.org/pisa/keyfindings/pisa-2012-results-volume-v.htm)

PISA (2015) *Torthaí PISA 2015: Collaborative problem-solving*. Páras: ECFE

https://www.mecd.gob.es/inee/dam/jcr:c29b0533-47e4-4a1d-a595-74a5af9ed0e0/Volume%20V_Collaborative%20Roblem%20Solving.pdf)

PISA (2018) *Preparing our youth for an inclusive and sustainable world: The OECD PISA global competence framework.* Páras: ECFE.

http://www.oecd.org/pisa/Handbook-PISA-2018-Global-Competence.pdf

Priestley, M., agus Minty, S. (2013) Curriculum for Excellence: 'A brilliant idea, but…..' *Scottish Educational Review,* 45(1), 39-52.

Priestley, M. agus Sinnema, C. (2014) Downgraded curriculum? An analysis of knowledge in new curricula in Scotland and New Zealand, *Curriculum Journal*, 25(1), 50–75.

Reid, A. (2006). Key competencies: a new way forward or more of the same? *Curriculum Matters, 2*, 43–62. doi:10.18296/cm.0076

Siarova, H., Sternadel, D., Mašidlauskaitė, R. (2017) *Assessment practices for 21st century learning: review of evidence, NESET II report.* Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh,

AR1_20172.pdf (nesetweb.eu)

Sinnema, C. (2011) *Monitoring and evaluating curriculum implementation: Final report of the implementation of the New Zealand curriculum 2008-2009*. Wellington: An Aireacht Oideachais

untitled (swa.govt.nz)

Storey, M. (2017) Considering core competencies: Social and emotional learning in British Columbia's Redesigned Curriculum. *Journal of Contemporary Issues in Education*, 12(2), 34-49.

aabdi,+Storey_SEL_BC+Curriculum.pdf

Walsh, T. (2023) *Redeveloping the primary school curriculum in Ireland*. Washington, D.C.: Center for Universal Education, Brookings.

https://www.brookings.edu/wp-content/uploads/2023/01/Brief-Redeveloping-the-Primary-School-Curriculum-in-Ireland_FIN

**Suíomh Gréasáin Curaclaim do na cás-staidéir**

British Columbia Redesigned Curriculum Curriculum Overview | Building Student Success - B.C. Curriculum (gov.bc.ca)

New Zealand 2007 Curriculum NZ Curriculum Web (6).pdf

New Zealand 2023 Refreshed Curriculum PDF_Te_Mataiaho_March_2023_0.pdf (curriculumrefresh-live-assetstorages3bucket-l5w0dsj7zmbm.s3.amazonaws.com)

Scotland Curriculum for Excellence Curriculum for Excellence | Education Scotland